Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

11262/25
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0134(NLE)

ACP 65
COAFR 189
COLAC 101
COASI 80
RELEX 936

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | DréachtCHINNTÍ Ó CHOMHAIRLE NA NAIRÍ AE-ESACC, ó Chomhairle Airí AE-an Afraic, ó Chomhairle Airí AE-an Chairib, ó Chomhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin, ó Choiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra ESACC-AE, ó Chomhchoiste AE-an Afraic, ó Chomhchoiste AE-an Chairib agus ó Chomhchoiste AE-an tAigéan Ciúin maidir lena Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh |

DRÉACHT

**CINNEADH UIMH. …/2025**

**Ó CHOMHAIRLE AIRÍ ESACC-AE**

**an …**

**maidir le Rialacha Nós Imeachta Chomhairle Airí ESACC-AE a ghlacadh**

TÁ COMHAIRLE AIRÍ ESACC-AE,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile[1], a síníodh i Samó an 15 Samhain 2023 (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), agus go háirithe Airteagal 88(7) de,

[1] IO AE L, 2023/2862, 28.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2023/2862/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 88(4), pointe (c), den Chomhaontú, áirítear ar fheidhmeanna Chomhairle Airí ESACC-AE cinntí a dhéanamh chun éifeacht a thabhairt do ghnéithe sonracha is gá chun forálacha an Chomhaontaithe a chur chun feidhme.

(2) De bhun Airteagal 88(7) den Chomhaontú, tá Comhairle Airí ESACC-AE lena rialacha nós imeachta a ghlacadh ag an gcéad chruinniú a bheidh aici,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Glactar Rialacha Nós Imeachta Chomhairle Airí ESACC-AE, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/sa …, ...

*Thar ceann Chomhairle Airí ESACC-AE*
*An Cathaoirleach*

IARSCRÍBHINN

Rialacha nós imeachta chomhairle airí ESACC-AE

*Airteagal 1*

*Forálacha ginearálta*

1. Cuirfidh Comhairle Airí ESACC-AE (dá ngairtear ‘an Chomhairle’ anseo feasta) a cúraimí i gcrích mar a fhoráiltear in Airteagal 88 den Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile[1] a síníodh i Samó an 15 Samhain 2023 (dá ngairtear ‘an Comhaontú’ anseo feasta).

2. Tuigfear gurb ionann tagairt do ‘Páirtí’ nó ‘ceachtar Páirtí’ sna Rialacha Nós Imeachta seo agus tagairt don Aontas Eorpach agus a Bhallstáit (dá ngairtear ‘an Páirtí AE’ anseo feasta) nó do Chomhaltaí ESACC, dá dtagraítear in Airteagal 1(1) den Chomhaontú, trína ngníomhóidh gach Páirtí i dteannta a chéile. Tuigfear gurb ionann tagairt do ‘na Páirtithe’ agus tagairt don Pháirtí AE agus do Chomhaltaí ESACC araon, dá dtagraítear san Airteagal sin.

3. I gcomhréir le hAirteagal 88(1) den Chomhaontú, is é a bheidh sa Chomhairle, ar thaobh amháin, ionadaí ó gach Comhalta de ESACC ar leibhéal aireachta agus, ar an taobh eile, ionadaithe ón Aontas Eorpach agus a Bhallstáit ar leibhéal aireachta.

---

[1] IO AE L, 2023/2862, 28.12.2023,
ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2023/2862/oj.

4. Mar a fhoráiltear in Airteagal 88(2) den Chomhaontú, tiocfaidh an Chomhairle le chéile i bprionsabal gach 3 bliana agus aon uair a mheasfar gá a bheith leis ar thionscnamh na gComhchathaoirleach.

5. Is iad na Comhchathaoirligh a thionólfaidh an Chomhairle. Socrófar dátaí a cruinnithe de chomhthoil idir na Páirtithe.

6. Tiocfaidh an Chomhairle le chéile gach re seal sa Bhruiséil agus in ionad i gceann de Chomhaltaí ESACC, mar a shocraítear de chomhthoil idir na Páirtithe. Féadfaidh na Páirtithe teacht ar chomhaontú frithpháirteach maidir le hionad eile.

7. Féadfaidh an Chomhairle teacht le chéile i bhformáid fhíorúil nó hibrideach má fhágann na himthosca gur gá sin, arna chinneadh sin do na Comhchathaoirligh.

*Airteagal 2*
*Comhchathaoirligh*

1. Mar a fhoráiltear in Airteagal 88(1) den Chomhaontú, déanfaidh an cathaoirleach arna ainmniú ag Comhaltaí ESACC, ar thaobh amháin, agus an cathaoirleach arna ainmniú ag an bPáirtí AE, ar an taobh eile, comhchathaoirleacht ar an gComhairle.

2. Déanfar sealaíocht ar oifig Chathaoirleach na Comhairle (dá ngairtear ‘an Cathaoirleach atá i gceannas’ anseo feasta) mar a leanas:

   (a) ón 1 Aibreán go dtí an 30 Meán Fómhair, is é an cathaoirleach arna ainmniú ag Comhaltaí ESACC a bheidh ina chathaoirleach;

   (b) ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Márta, is é an cathaoirleach arna ainmniú ag an bPáirtí AE a bheidh ina chathaoirleach.

*Airteagal 3*

*Clár oibre na gcruinnithe*

1. Is é an Cathaoirleach atá i gceannas a tharraingeoidh clár oibre sealadach suas le haghaidh gach cruinnithe, ar bhonn comhthoil idir na Páirtithe. Cuirfear an clár oibre sealadach in iúl do chomhaltaí eile na Comhairle 30 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe. Áireofar ar an gclár oibre sealadach na míreanna a bhfuair an Cathaoirleach atá i gceannas iarraidh ina leith 35 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe go gcuirfí san áireamh iad.

2. Tarchuirfear aon doiciméadacht a bhaineann leis na míreanna ar an gclár oibre chuig an Rúnaíocht in am trátha lena cur ar aghaidh chuig comhaltaí na Comhairle agus chuig comhaltaí Choiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra ESACC-AE (dá ngairtear 'COSLA' anseo feasta) 21 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe.

3. Glacfaidh an Chomhairle an clár oibre ag tús gach cruinnithe. I gcásanna práinne, féadfaidh an Chomhairle cinneadh a dhéanamh, arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, míreanna a chur ar an gclár oibre nár urramaíodh na teorainneacha ama a leagtar síos i mír 1 ina leith.

4. Féadfar an clár oibre sealadach a roinnt ina Chuid A, Cuid B agus Cuid C mar a leanas:

   (a) i gCuid A beidh míreanna ar féidir leis an gComhairle a fhormheas gan phlé;

   (b) i gCuid B beidh míreanna nach mór don Chomhairle a phlé sula bhformheastar iad;

   (c) i gCuid C beidh míreanna nach mór a phlé le linn seisiún tuairimíochta neamhfhoirmiúil.

*Airteagal 4*

*Imeachtaí*

1. I gcomhréir le hAirteagal 88(5) den Chomhaontú, glacfaidh an Chomhairle cinntí atá ina gceangal ar na Páirtithe uile mura sonraítear a mhalairt, nó déanfaidh sí moltaí a bhaineann le haon cheann dá feidhmeanna a liostaítear in Airteagal 88(4) den Chomhaontú de chomhthoil na bPáirtithe.

2. I gcás ina dtagann an Chomhairle le chéile i bhformáid fhíorúil nó hibrideach, leanfaidh glacadh cinntí agus moltaí an nós imeachta i scríbhinn a leagtar síos in Airteagal 5.

3. Ní bheidh imeachtaí na Comhairle bailí ach amháin má bhíonn na hionadaithe ón Aontas Eorpach, na hionadaithe ó ar a laghad leath de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus na hionadaithe ó ar a laghad dhá thrian de Chomhaltaí ESACC i láthair.

4. Féadfaidh comhaltaí den Chomhairle nach féidir leo freastal ar imeachtaí a údarú do chomhalta eile gníomhú thar a cheann agus a chearta uile a fheidhmiú. Cuirfidh an comhalta nach bhfuil in ann freastal ar na himeachtaí na Comhchathaoirligh ar an eolas tríd an Rúnaíocht dá réir sin agus sonróidh sé an comhalta a d’údaraigh sé.

5. Féadfaidh comhairleoirí comhaltaí na Comhairle a thionlacan chun cúnamh a thabhairt dóibh.

6. Cuirfear comhdhéanamh gach toscaireachta in iúl do na Comhchathaoirligh tríd an Rúnaíocht roimh thús gach seisiúin.

7. Beidh ionadaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta (dá ngairtear 'BEI' anseo feasta) i láthair ag seisiúin de chuid na Comhairle nuair a bheidh ábhair a bhaineann le réimsí feidhme BEI ar an gclár oibre.

8. Mura gcinnfear a mhalairt, féadfaidh na Comhchathaoirligh plé ar mhíreanna áirithe ar an gclár oibre a fhorchoimeád do láithreacht na bPáirtithe amháin.

*Airteagal 5*

*Nós imeachta i scríbhinn*

1. Mar a fhoráiltear in Airteagal 88(6) den Chomhaontú, féadfaidh an Chomhairle cinntí nó moltaí a dhéanamh trí nós imeachta i scríbhinn. Féadfaidh ceachtar Páirtí a mholadh go n-úsáidfear nós imeachta i scríbhinn agus féadfar é a thionscnamh tar éis comhaontú na gComhchathaoirleach a fháil.

2. An tráth céanna a thionscnaítear an nós imeachta i scríbhinn, socrófar teorainn ama réasúnta le haghaidh freagraí. Ar dhul in éag na teorann ama sin, cinnfidh an Cathaoirleach atá i gceannas gur formheasadh an togra maidir le cinneadh nó moladh, mura bhfuil agóid déanta ag ceachtar Páirtí ina choinne.

*Airteagal 6*

*Coistí agus meithleacha*

1. Le cinneadh uaithi, féadfaidh an Chomhairle coistí agus meithleacha a chur ar bun, de bhun Airteagal 88(3) den Chomhaontú, chun déileáil le saincheisteanna sonracha ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla.

2. Féadfaidh an Chomhairle rialacha nós imeachta na gcoistí agus na meithleacha a chuireann sí ar bun a ghlacadh. Mura nglacfaidh an Chomhairle rialacha nós imeachta den sórt sin, féadfaidh na coistí agus na meithleacha a rialacha nós imeachta féin a ghlacadh.

3. Cuirfidh na coistí agus na meithleacha tuarascálacha ar a gcuid oibre faoi bhráid na Comhairle.

*Airteagal 7*

*Breathnóirí*

1. Ionadaithe ó aon Stát ar sínitheoir leis an gComhaontú é (‘Stát sínithe’) nár thug na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 98(1) agus (2) den Chomhaontú i gcrích go fóill ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe, féadfaidh siad freastal ar sheisiúin na Comhairle mar bhreathnóirí. Coinneofar stádas breathnóra den sórt sin go dtí go gcuirfidh an Stát sínithe lena mbaineann na nósanna imeachta sin i gcrích laistigh den spriocdháta a leagtar amach in Airteagal 98(3) den Chomhaontú nó, ina éagmais sin, ar feadh tréimhse éiginnte.

2. Féadfaidh ionadaithe ó na tríú gníomhaithe seo a leanas, le cinneadh ón gComhairle, freastal ar sheisiúin na Comhairle mar bhreathnóirí:

(a) Stáit a chuir isteach ar aontachas leis an gComhaontú faoi na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 102 den Chomhaontú;

(b) Stáit is comhaltaí de ESACC ach nach páirtithe sa Chomhaontú go fóill iad, chomh maith le Stáit ag a bhfuil stádas breathnóra in ESACC;

(c) tíortha agus críocha thar lear de chuid an Aontais (TCTLanna) i réigiúin na Cairibe agus an Aigéin Chiúin;

(d) tríú gníomhaithe eile, lena n-áirítear eagraíochtaí réigiúnacha agus ilchríochacha.

3. Déanfaidh an Rúnaíocht liosta breathnóirí a tharraingt suas agus a choinneáil cothrom le dáta de bhun mhíreanna 1 agus 2.

4. Maidir le breathnóirí a bheidh ag freastal ar chruinniú:

(a) ní chaithfidh siad vóta sna himeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 4(1);

(b) ní dhéanfaidh siad ráitis ó bhéal le linn an chruinnithe, ach amháin má iarrann na Comhchathaoirligh orthu déanamh amhlaidh;

(c) féadfaidh siad faisnéis agus doiciméadacht neamhrúnda a scaipeann an Rúnaíocht a fháil.

Chomh maith leis na cearta agus na hoibleagáidí a liostaítear sa chéad fhomhír den mhír seo, féadfaidh na breathnóirí dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2, pointí (a), (b) agus (c), barúlacha i scríbhinn a thíolacadh a bhaineann leis na míreanna ar an gclár oibre de chruinniú ábhartha na Comhairle.

*Airteagal 8*

*Rannpháirteachas le páirtithe leasmhara*

1. Beidh rannpháirteachas le páirtithe leasmhara ann i gcomhréir leis na sásraí oscailte trédhearcacha le haghaidh comhairliúchán struchtúrtha le páirtithe leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 95(3) den Chomhaontú.

2. Mar a fhoráiltear in Airteagal 95(2) den Chomhaontú, cuirfear páirtithe leasmhara ar an eolas go tráthúil agus beidh siad in ann ionchur a sholáthar i bpróiseas leathan an idirphlé, go háirithe ag féachaint do chruinnithe na Comhairle.

*Airteagal 9*

*Rúndacht agus foilseacháin oifigiúla*

1. Mura gcinnfear a mhalairt, ní bheidh cruinnithe na Comhairle ina gcruinnithe poiblí. Beidh pas de dhíth chun rochtain a fháil ar chruinnithe na Comhairle.

2. Gan dochar d’fhorálacha eile is infheidhme, cumhdófar plé na Comhairle le hoibleagáid na rúndachta gairmiúla.

3. Féadfaidh gach Páirtí a chinneadh cinntí agus moltaí na Comhairle a fhoilsiú ina bhfoilseacháin oifigiúla féin.

*Airteagal 10*

*Teachtaireachtaí agus miontuairiscí na gcruinnithe*

1. Aon teachtaireacht dá bhforáiltear sna Rialacha Nós Imeachta seo, tarchuirfear í tríd an Rúnaíocht chuig ionadaithe ó gach Comhalta de ESACC, Rúnaíocht ESACC, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, Buanionadaithe Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach.

2. Cuirfear na teachtaireachtaí dá dtagraítear i mir 1 chuig Uachtarán BEI freisin i gcás ina mbaineann siad le BEI.

3. Tarraingeoidh an Rúnaíocht suas dréacht-mhiontuairiscí ar gach cruinniú, ina dtabharfar aird go háirithe ar na cinntí a dhéanfaidh an Chomhairle, agus cuirfear ar fáil do na Páirtithe iad. Cuirfear na dréacht-mhiontuairiscí faoi bhráid na Comhairle nó COSLA, de réir mar is iomchuí, lena bhformheas.

*Airteagal 11*

*Teangacha oibre agus doiciméadacht*

1. Is iad an Béarla, an Fhraincis, an Phortaingéilis agus an Spáinnis teangacha oibre na Comhairle.

2. Déanfaidh an Chomhairle a plé ar bhonn doiciméid arna ndréachtú i mBéarla agus, faoi réir iarraidh ó cheachtar Páirtí, i dteanga oibre breise dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 12*

*Foirmeacha na ngníomhartha*

1. Maidir le cinntí agus moltaí de réir bhrí Airteagal 88(5) den Chomhaontú, tabharfar an teideal 'Cinneadh' nó 'Moladh' orthu, faoi seach, agus sraithuimhir, an dáta glactha agus tuairisc ar an ábhar ina dhiaidh.

2. Tabharfar i gcrích iad leis an bhfoirmle 'Arna dhéanamh i/in/sa/san …', '(dáta)', is é sin an dáta glactha.

3. Sonrófar i gcinntí an dáta ar a bhfuil siad le teacht i bhfeidhm.

4. Síneoidh an Cathaoirleach atá i gceannas na cinntí agus na moltaí arna nglacadh ag an gComhairle agus fíordheimhneoidh na Comhrúnaithe iad, agus coinneoidh an Rúnaíocht iad.

5. Tarchuirfear na cinntí agus na moltaí, tríd an Rúnaíocht, chuig na faighteoirí dá dtagraítear in Airteagal 10(1).

*Airteagal 13*

*Coiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra ESACC-AE (COSLA)*

1. Féadfaidh an Chomhairle cumhachtaí a tharmligean chuig COSLA i gcomhréir le hAirteagal 88(3) den Chomhaontú.

2. Leagfar síos na coinníollacha le haghaidh chruinnithe COSLA ina rialacha nós imeachta.

3. Ullmhóidh COSLA seisiúin na Comhairle, tabharfaidh sé cúnamh don Chomhairle a cúraimí a chomhlíonadh, agus déanfaidh sé aon sainordú a chuireann an Chomhairle de chúram air.

*Airteagal 14*

*Rannpháirtíocht i gComhthionól Parlaiminteach ESACC-AE*

Nuair a fhreastalóidh an Chomhairle ar chruinnithe de Chomhthionól Parlaiminteach ESACC-AE, arna bhunú le hAirteagal 86(1) den Chomhaontú, is iad na Comhchathaoirligh a dhéanfaidh ionadaíocht di.

*Airteagal 15*

*Comhleanúnachas beartais*

1. Nuair a iarrann na Páirtithe comhairliúcháin de bhun Airteagal 4(2) den Chomhaontú, reáchtálfar na comhairliúcháin sin go pras, agus mar riail ghinearálta laistigh de 42 lá ón iarraidh.

2. Reáchtálfar na comhairliúcháin i bhformáid iomchuí mar a chomhaontóidh na Páirtithe go frithpháirteach.

*Airteagal 16*

*An Rúnaíocht*

1. Ainmneoidh an Páirtí AE oifigeach ó Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh mar Chomhrúnaí. Ainmneoidh Comhaltaí ESACC oifigeach ó Rúnaíocht ESACC mar Chomhrúnaí. Cuirfidh gach Páirtí an Comhrúnaí arna ainmniú aige in iúl don Pháirtí eile. Déanfaidh na Comhrúnaithe Rúnaíocht na Comhairle agus COSLA a reáchtáil go comhpháirteach.

2. Comhlíonfaidh na Comhrúnaithe a gcúraimí go hiomlán neamhspleách agus ar mhaithe le dea-fheidhmiú an Chomhaontaithe amháin. Ní lorgóidh siad ná ní ghlacfaidh siad le treoracha ó aon rialtas, eagraíocht ná údarás seachas an Chomhairle agus COSLA.

3. Seolfar comhfhreagras atá beartaithe le haghaidh na Comhairle chuig na Comhchathaoirligh tríd an Rúnaíocht.

*Airteagal 17*

*Na Rialacha Nós Imeachta a Leasú*

Féadfar na Rialacha Nós Imeachta seo a leasú le cinneadh ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 4.

DRÉACHT

**CINNEADH UIMH. …/2025**
**Ó CHOMHAIRLE AIRÍ AE-AN AFRAIC**

**an …**

**maidir le Rialacha Nós Imeachta Chomhairle Airí AE-an Afraic a ghlacadh**

TÁ COMHAIRLE AIRÍ AE-AN AFRAIC,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile[1], a síníodh i Samó an 15 Samhain 2023 (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), agus go háirithe Airteagal 92(4), pointe (d), de,

[1] IO AE L, 2023/2862, 28.12.2023,
ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2023/2862/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 92(2), pointe (b), den Chomhaontú, áirítear ar fheidhmeanna Chomhairle Airí AE-an Afraic cinntí a ghlacadh chun éifeacht a thabhairt do ghnéithe sonracha de Phrótacal Réigiúnach na hAfraice den Chomhaontú sin.

(2) De bhun Airteagal 92(4), pointe (d), den Chomhaontú, tá Comhairle Airí AE-an Afraic lena rialacha nós imeachta a ghlacadh ag an gcéad chruinniú a bheidh aici,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Glactar Rialacha Nós Imeachta Chomhairle Airí AE-an Afraic, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/sa …, ...

*Thar ceann Chomhairle Airí AE-an Afraic*
*An Cathaoirleach*

IARSCRÍBHINN

Rialacha nós imeachta chomhairle airí ae-an afraic

*Airteagal 1*

*Raon feidhme*

Ní bheidh na forálacha faoi na Rialacha Nós Imeachta seo ina gceangal ach amháin ar na páirtithe a cheanglaítear faoi Phrótacal Réigiúnach na hAfraice den Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile[1], a síníodh i Samó an 15 Samhain 2023 (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), i gcomhréir le hAirteagal 1(1) den Phrótacal sin.

*Airteagal 2*

*Forálacha ginearálta*

1. Cuirfidh Comhairle Airí AE-an Afraic (dá ngairtear 'an Chomhairle' anseo feasta) a cúraimí i gcrích mar a fhoráiltear in Airteagal 92 den Chomhaontú. Ní imeoidh cinntí ná moltaí na Comhairle ó chinntí ná moltaí Chomhairle Airí ESACC-AE.

[1] IO AE L, 2023/2862, 28.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2023/2862/oj.

2. Tuigfear gurb ionann tagairt do ‘Páirtí’ nó ‘ceachtar Páirtí’ sna Rialacha Nós Imeachta seo agus tagairt don Aontas Eorpach agus a Bhallstáit (dá ngairtear ‘an Páirtí AE’ anseo feasta), nó do Chomhaltaí ESACC san Afraic, dá dtagraítear in Airteagal 6(3) den Chomhaontú, trína ngníomhóidh gach Páirtí i dteannta a chéile. Tuigfear gurb ionann tagairt do ‘na Páirtithe’ agus tagairt don Pháirtí AE agus do Chomhaltaí ESACC san Afraic araon, dá dtagraítear san Airteagal sin.

3. I gcomhréir le hAirteagal 92(1), pointe (a), den Chomhaontú, is é a bheidh sa Chomhairle, ar thaobh amháin, ionadaí ó gach Comhalta de ESACC san Afraic ar leibhéal aireachta agus, ar an taobh eile, ionadaithe ón Aontas Eorpach agus a Bhallstáit ar leibhéal aireachta.

4. Tiocfaidh an Chomhairle le chéile i bprionsabal gach 2 bhliain agus aon uair a mheasfar gá a bheith leis ar thionscnamh na gComhchathaoirleach.

5. Is iad na Comhchathaoirligh a thionólfaidh an Chomhairle. Socrófar dátaí a cruinnithe de chomhthoil idir na Páirtithe.

6. Tiocfaidh an Chomhairle le chéile gach re seal sa Bhruiséil agus in ionad i gceann de Chomhaltaí ESACC san Afraic, mar a shocraítear de chomhthoil idir na Páirtithe. Féadfaidh na Páirtithe teacht ar chomhaontú frithpháirteach maidir le hionad eile.

7. Féadfaidh an Chomhairle teacht le chéile i bhformáid fhíorúil nó hibrideach má fhágann na himthosca gur gá sin, arna chinneadh sin do na Comhchathaoirligh.

*Airteagal 3*

*Comhchathaoirligh*

1. I gcomhréir le hAirteagal 92(1) den Chomhaontú, déanfaidh an cathaoirleach arna ainmniú ag Comhaltaí ESACC san Afraic, ar thaobh amháin, agus an cathaoirleach arna ainmniú ag an bPáirtí AE, ar an taobh eile, comhchathaoirleacht ar an gComhairle.

2. Déanfar sealaíocht ar oifig Chathaoirleach na Comhairle (dá ngairtear 'an Cathaoirleach atá i gceannas' anseo feasta) mar a leanas:

   (a) ón 1 Aibreán go dtí an 30 Meán Fómhair, is é an cathaoirleach arna ainmniú ag Comhaltaí ESACC san Afraic a bheidh ina chathaoirleach;

   (b) ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Márta, is é an cathaoirleach arna ainmniú ag an bPáirtí AE a bheidh ina chathaoirleach.

*Airteagal 4*

*Clár oibre na gcruinnithe*

1. Is é an Cathaoirleach atá i gceannas a tharraingeoidh clár oibre sealadach suas le haghaidh gach cruinnithe, ar bhonn comhthoil idir na Páirtithe. Cuirfear an clár oibre sealadach in iúl do chomhaltaí eile na Comhairle 30 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe. Áireofar ar an gclár oibre sealadach na míreanna a bhfuair an Cathaoirleach atá i gceannas iarraidh ina leith 35 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe go gcuirfí san áireamh iad.

2. Tarchuirfear aon doiciméadacht a bhaineann leis na míreanna ar an gclár oibre chuig an Rúnaíocht in am trátha lena cur ar aghaidh chuig comhaltaí na Comhairle agus chuig comhaltaí Chomhchoiste AE-an Afraic (dá ngairtear 'an Coiste' anseo feasta), 21 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe.

3. Glacfaidh an Chomhairle an clár oibre ag tús gach cruinnithe. I gcásanna práinne, féadfaidh an Chomhairle cinneadh a dhéanamh, arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, míreanna a chur ar an gclár oibre nár urramaíodh na teorainneacha ama a leagtar síos i mír 1 ina leith.

4. Féadfar an clár oibre sealadach a roinnt ina Chuid A, Cuid B agus Cuid C mar a leanas:

(a) i gCuid A beidh míreanna ar féidir leis an gComhairle a fhormheas gan phlé;

(b) i gCuid B beidh míreanna nach mór don Chomhairle a phlé sula bhformheastar iad;

(c) i gCuid C beidh míreanna nach mór a phlé trí bhíthin sheisiún tuairimíochta neamhfhoirmiúil.

*Airteagal 5*

*Imeachtaí*

1. I gcomhréir le hAirteagal 92(2), pointe (b), agus Airteagal 92(3) den Chomhaontú, glacfaidh an Chomhairle cinntí agus déanfaidh sí moltaí chun éifeacht a thabhairt do ghnéithe sonracha de Phrótacal Réigiúnach na hAfraice, de chomhthoil na bPáirtithe. Beidh na cinntí ina gceangal ar na Páirtithe go léir, mura sonraítear a mhalairt.

2. I gcás ina dtagann an Chomhairle le chéile i bhformáid fhíorúil nó hibrideach, leanfaidh glacadh cinntí agus moltaí an nós imeachta i scríbhinn a leagtar síos in Airteagal 6.

3. Ní bheidh imeachtaí na Comhairle bailí ach amháin má bhíonn na hionadaithe ón Aontas Eorpach, na hionadaithe ó ar a laghad leath de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus na hionadaithe ó ar a laghad dhá thrian de Chomhaltaí ESACC san Afraic i láthair.

4. Féadfaidh comhaltaí den Chomhairle nach féidir leo freastal ar imeachtaí a údarú do chomhalta eile gníomhú thar a cheann agus a chearta uile a fheidhmiú. Cuirfidh an comhalta nach bhfuil in ann freastal ar na himeachtaí na Comhchathaoirligh ar an eolas tríd an Rúnaíocht dá réir sin agus sonróidh sé an comhalta a d’údaraigh sé.

5. Féadfaidh comhairleoirí comhaltaí na Comhairle a thionlacan chun cúnamh a thabhairt dóibh.

6. Cuirfear comhdhéanamh gach toscaireachta in iúl do na Comhchathaoirligh tríd an Rúnaíocht roimh thús gach seisiúin.

7. Beidh ionadaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta (dá ngairtear ‘BEI’ anseo feasta) i láthair ag seisiúin de chuid na Comhairle nuair a bheidh ábhair a bhaineann le réimsí feidhme BEI ar an gclár oibre.

8. Mura gcinnfear a mhalairt, féadfaidh na Comhchathaoirligh plé ar míreanna áirithe ar an gclár oibre a fhorchoimeád do láithreacht na bPáirtithe amháin.

*Airteagal 6*

*Nós imeachta i scríbhinn*

1. Mar a fhoráiltear in Airteagal 92(4), pointe (a), den Chomhaontú, féadfaidh an Chomhairle cinntí a ghlacadh nó moltaí a dhéanamh trí nós imeachta i scríbhinn. Féadfaidh ceachtar Páirtí a mholadh go n-úsáidfear nós imeachta i scríbhinn agus féadfar é a thionscnamh tar éis comhaontú na gComhchathaoirleach a fháil.

2. An tráth céanna a thionscnaítear an nós imeachta i scríbhinn, socrófar teorainn ama réasúnta le haghaidh freagraí. Ar dhul in éag na teorann ama sin, cinnfidh an Cathaoirleach atá i gceannas gur formheasadh an togra maidir le cinneadh nó moladh, mura bhfuil agóid déanta ag ceachtar Páirtí ina choinne.

*Airteagal 7*

*Fochoistí agus meithleacha*

1. Le cinneadh uaithi, féadfaidh an Chomhairle fochoistí agus meithleacha a chur ar bun de bhun Airteagal 92(4), pointe (b), den Chomhaontú, chun déileáil le saincheisteanna sonracha ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla.

2. Féadfaidh an Chomhairle rialacha nós imeachta na bhfochoistí agus na meithleacha a chuireann sí ar bun a ghlacadh. Mura nglacfaidh an Chomhairle rialacha nós imeachta den sórt sin, féadfaidh na fochoistí agus na meithleacha a rialacha nós imeachta féin a ghlacadh.

3. Cuirfidh na fochoistí agus na meithleacha tuarascálacha ar a gcuid oibre faoi bhráid na Comhairle.

*Airteagal 8*

*Breathnóirí*

1. Ionadaithe ó aon Chomhalta de ESACC san Afraic ar sínitheoir leis an Comhaontú é ('Stát sínithe') nár thug na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 98(1) agus (2) den Chomhaontú i gcrích go fóill ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe, féadfaidh siad freastal ar sheisiúin na Comhairle mar bhreathnóirí. Coinneofar stádas breathnóra den sórt sin go dtí go gcuirfidh an Stát sínithe lena mbaineann na nósanna imeachta sin i gcrích laistigh den spriocdháta a leagtar amach in Airteagal 98(3) den Chomhaontú nó, ina éagmais sin, ar feadh tréimhse éiginnte.

2. Féadfaidh ionadaithe ó na tríú gníomhaithe seo a leanas, le cinneadh ón gComhairle, freastal ar sheisiúin na Comhairle mar bhreathnóirí:

   (a) Stáit i réigiún na hAfraice a chuir isteach ar aontachas leis an gComhaontú faoi na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 102 den Chomhaontú;

   (b) Stáit i réigiún na hAfraice is comhaltaí de ESACC ach nach páirtithe sa Chomhaontú go fóill iad, chomh maith le Stáit i réigiún na hAfraice ag a bhfuil stádas breathnóra in ESACC;

   (c) tríú gníomhaithe eile, lena n-áirítear eagraíochtaí réigiúnacha agus ilchríochacha.

3. Déanfaidh an Rúnaíocht liosta breathnóirí a tharraingt suas agus a choinneáil cothrom le dáta de bhun mhíreanna 1 agus 2.

4. Maidir le breathnóirí a bheidh ag freastal ar chruinniú:

(a) ní chaithfidh siad vóta sna himeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 5(1);

(b) ní dhéanfaidh siad ráitis ó bhéal le linn an chruinnithe, ach amháin má iarrann na Comhchathaoirligh orthu déanamh amhlaidh;

(c) féadfaidh siad faisnéis agus doiciméadacht neamhrúnda a scaipeann an Rúnaíocht a fháil.

Chomh maith leis na cearta agus na hoibleagáidí a liostaítear sa chéad fhomhír den mhír seo, féadfaidh na breathnóirí dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2, pointí (a) agus (b), barúlacha i scríbhinn a thíolacadh a bhaineann leis na míreanna ar an gclár oibre de chruinniú ábhartha na Comhairle.

*Airteagal 9*

*Rannpháirteachas le páirtithe leasmhara*

1. Beidh rannpháirteachas le páirtithe leasmhara ann i gcomhréir leis na sásraí oscailte trédhearcacha le haghaidh comhairliúchán struchtúrtha le páirtithe leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 95(3) den Chomhaontú.

2. Mar a fhoráiltear in Airteagal 95(2) den Chomhaontú, cuirfear páirtithe leasmhara ar an eolas go tráthúil agus beidh siad in ann ionchur a sholáthar i bpróiseas leathan an idirphlé, go háirithe ag féachaint do chruinnithe na Comhairle.

*Airteagal 10*

*Rúndacht agus foilseacháin oifigiúla*

1. Mura gcinnfear a mhalairt, ní bheidh cruinnithe na Comhairle ina gcruinnithe poiblí. Beidh pas de dhíth chun rochtain a fháil ar chruinnithe na Comhairle.

2. Gan dochar d'fhorálacha eile is infheidhme, cumhdófar plé na Comhairle le hoibleagáid na rúndachta gairmiúla.

3. Féadfaidh gach Páirtí a chinneadh cinntí agus moltaí na Comhairle a fhoilsiú ina bhfoilseacháin oifigiúla féin.

*Airteagal 11*

*Teachtaireachtaí agus miontuairiscí na gcruinnithe*

1. Aon teachtaireacht dá bhforáiltear sna Rialacha Nós Imeachta seo, tarchuirfear í tríd an Rúnaíocht chuig ionadaithe ó gach Comhalta de ESACC san Afraic, Rúnaíocht ESACC, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, Buanionadaithe Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach.

2. Cuirfear na teachtaireachtaí dá dtagraítear i mir 1 chuig Uachtarán BEI freisin i gcás ina mbaineann siad le BEI.

3. Tarraingeoidh an Rúnaíocht suas dréacht-mhiontuairiscí ar gach cruinniú, ina dtabharfar aird go háirithe ar na cinntí a dhéanfaidh an Chomhairle, agus cuirfear ar fáil do na Páirtithe iad. Cuirfear na dréacht-mhiontuairiscí faoi bhráid na Comhairle nó an Choiste, de réir mar is iomchuí, lena bhformheas.

*Airteagal 12*

*Teangacha oibre agus doiciméadacht*

1. Is iad an Béarla, an Fhraincis, an Phortaingéilis agus an Spáinnis teangacha oibre na Comhairle.

2. Déanfaidh an Chomhairle a plé ar bhonn doiciméid arna ndréachtú i mBéarla agus, faoi réir iarraidh ó cheachtar Páirtí, i dteanga oibre breise dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 13*

*Foirmeacha na ngníomhartha*

1. Maidir le cinntí agus moltaí de réir bhrí Airteagal 92(3) den Chomhaontú, tabharfar an teideal 'Cinneadh' nó 'Moladh' orthu, faoi seach, agus sraithuimhir, an dáta glactha agus tuairisc ar an ábhar ina dhiaidh.

2. Tabharfar i gcrích iad leis an bhfoirmle 'Arna dhéanamh i/in/sa/san …', '(dáta)', is é sin an dáta glactha.

3. Sonrófar i gcinntí an dáta ar a bhfuil siad le teacht i bhfeidhm.

4. Síneoidh an Cathaoirleach atá i gceannas na cinntí agus na moltaí arna nglacadh ag an gComhairle agus fíordheimhneoidh na Comhrúnaithe iad, agus coinneoidh an Rúnaíocht iad.

5. Tarchuirfear na cinntí agus na moltaí, tríd an Rúnaíocht, chuig na faighteoirí dá dtagraítear in Airteagal 11(1).

*Airteagal 14*

*Comhchoiste AE-an Afraic*

1. Féadfaidh an Chomhairle cumhachtaí a tharmligean chuig Comhchoiste AE-an Afraic i gcomhréir le hAirteagal 92(4), pointe (b), den Chomhaontú.

2. Leagtar síos na coinníollacha le haghaidh chruinnithe Chomhchoiste AE-an Afraic ina rialacha nós imeachta.

3. Ullmhóidh Coiste AE-an Afraic seisiúin na Comhairle, tabharfaidh sé cúnamh don Chomhairle a cúraimí a chomhlíonadh, agus déanfaidh sé aon sainordú a chuireann an Chomhairle de chúram air.

*Airteagal 15*

*Rannpháirtíocht i dTionól Parlaiminteach AE-an Afraic*

Nuair a fhreastalóidh an Chomhairle ar chruinnithe de Thionól Parlaiminteach AE-an Afraic, arna bhunú le hAirteagal 94(1), pointe (a), den Chomhaontú, is iad na Comhchathaoirligh a dhéanfaidh ionadaíocht di.

*Airteagal 16*

*Comhleanúnachas beartais*

1. Nuair a iarrann na Páirtithe comhairliúcháin de bhun Airteagal 4(2) den Chomhaontú, reáchtálfar na comhairliúcháin sin go pras, agus mar riail ghinearálta laistigh de 42 lá ón iarraidh.

2. Reáchtálfar na comhairliúcháin i bhformáid iomchuí mar a chomhaontóidh na Páirtithe go frithpháirteach.

*Airteagal 17*

*An Rúnaíocht*

1. Ainmneoidh an Páirtí AE oifigeach ó Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh mar Chomhrúnaí. Ainmneoidh Comhaltaí ESACC san Afraic oifigeach ó Rúnaíocht ESACC mar Chomhrúnaí. Cuirfidh gach Páirtí an Comhrúnaí arna ainmniú aige in iúl don Pháirtí eile. Déanfaidh na Comhrúnaithe Rúnaíocht na Comhairle agus an Choiste a reáchtáil go comhpháirteach.

2. Comhlíonfaidh na Comhrúnaithe a gcúraimí go hiomlán neamhspleách agus ar mhaithe le dea-fheidhmiú an Chomhaontaithe amháin. Ní lorgóidh siad ná ní ghlacfaidh siad le treoracha ó aon rialtas, eagraíocht ná údarás seachas an Chomhairle agus an Coiste.

3. Seolfar comhfhreagras atá beartaithe le haghaidh na Comhairle chuig na Comhchathaoirligh tríd an Rúnaíocht.

*Airteagal 18*

*Rannpháirtíocht leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas*

Spreagfaidh na Comhchathaoirligh, agus Ballstáit ábhartha an Aontais Eorpaigh, rannpháirtíocht leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas i réigiún na hAfraice i réimsí leasa choitinn, i gcomhréir le hAirteagal 3(7) de Phrótacal Réigiúnach na hAfraice a ghabhann leis an gComhaontú.

*Airteagal 19*

*Na Rialacha Nós Imeachta a Leasú*

Féadfar na Rialacha Nós Imeachta seo a leasú le cinneadh ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 5.

DRÉACHT

**CINNEADH UIMH. …/2025**
**Ó CHOMHAIRLE AIRÍ AE-AN CHAIRIB**

**an …**

**maidir le Rialacha Nós Imeachta Chomhairle Airí AE-an Chairib a ghlacadh**

TÁ COMHAIRLE AIRÍ AE-AN CHAIRIB,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile[1], a síníodh i Samó an 15 Samhain 2023 (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), agus go háirithe Airteagal 92(4), pointe (d), de,

**1** IO AE L, 2023/2862, 28.12.2023,
ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2023/2862/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 92(2), pointe (b), den Chomhaontú, áirítear ar fheidhmeanna Chomhairle Airí AE-an Chairib cinntí a ghlacadh chun éifeacht a thabhairt do ghnéithe sonracha de Phrótacal Réigiúnach na Cairibe den Chomhaontú sin.

(2) De bhun Airteagal 92(4), pointe (d), den Chomhaontú, tá Comhairle Airí AE-an Chairib lena rialacha nós imeachta a ghlacadh ag an gcéad chruinniú a bheidh aici,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Glactar Rialacha Nós Imeachta Chomhairle Airí AE-an Chairib, atá i gceangal mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/sa …, ...

*Thar ceann Chomhairle Airí AE-an Chairib*
*An Cathaoirleach*

IARSCRÍBHINN

Rialacha nós imeachta chomhairle airí ae-an chairib

*Airteagal 1*

*Raon feidhme*

Ní bheidh na forálacha faoi na Rialacha Nós Imeachta seo ina gceangal ach amháin ar na páirtithe a cheanglaítear faoi Phrótacal Réigiúnach na Cairibe den Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile[1], a featníodh i Samó an 15 Samhain 2023 (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), i gcomhréir le hAirteagal 1(1) den Phrótacal sin.

*Airteagal 2*

*Forálacha ginearálta*

1. Cuirfidh Comhairle Airí AE-an Chairib (dá ngairtear 'an Chomhairle' anseo feasta), a cúraimí i gcrích mar a fhoráiltear in Airteagal 92 den Chomhaontú. Ní imeoidh cinntí ná moltaí na Comhairle ó chinntí ná moltaí Chomhairle Airí ESACC-AE.

1 IO AE L, 2023/2862, 28.12.2023,
ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2023/2862/oj.

2. Tuigfear gurb ionann tagairt do 'Páirtí' nó 'ceachtar Páirtí' sna Rialacha Nós Imeachta seo agus tagairt don Aontas Eorpach agus a Bhallstáit (dá ngairtear 'an Páirtí AE' anseo feasta) nó do Chomhaltaí ESACC i Muir Chairib dá dtagraítear in Airteagal 6(3) den Chomhaontú, trína ngníomhóidh gach Páirtí i dteannta a chéile. Tuigfear gurb ionann tagairt do 'na Páirtithe' agus tagairt don Pháirtí AE agus do Chomhaltaí ESACC i Muir Chairib araon, dá dtagraítear san Airteagal sin.

3. I gcomhréir le hAirteagal 92(1), pointe (b), den Chomhaontú, is é a bheidh sa Chomhairle, ar thaobh amháin, ionadaí ó gach Comhalta de ESACC i Muir Chairib ar leibhéal aireachta agus, ar an taobh eile, ionadaithe ón Aontas Eorpach agus a Bhallstáit ar leibhéal aireachta.

4. Tiocfaidh an Chomhairle le chéile i bprionsabal gach 2 bhliain agus aon uair a mheasfar gá a bheith leis ar thionscnamh na gComhchathaoirleach.

5. Is iad na Comhchathaoirligh a thionólfaidh an Chomhairle. Socrófar dátaí a cruinnithe de chomhthoil idir na Páirtithe.

6. Tiocfaidh an Chomhairle le chéile gach re seal sa Bhruiséil agus in ionad i gceann de Chomhaltaí ESACC i Muir Chairib, mar a shocraítear de chomhthoil idir na Páirtithe. Féadfaidh na Páirtithe teacht ar chomhaontú frithpháirteach maidir le hionad eile.

7. Féadfaidh an Chomhairle teacht le chéile i bhformáid fhíorúil nó hibrideach má fhágann na himthosca gur gá sin, arna chinneadh sin do na Comhchathaoirligh.

*Airteagal 3*

*Comhchathaoirligh*

1. I gcomhréir le hAirteagal 92(1) den Chomhaontú, déanfaidh an cathaoirleach arna ainmniú ag Comhaltaí ESACC i Muir Chairib, ar thaobh amháin, agus an cathaoirleach arna ainmniú ag an bPáirtí AE, ar an taobh eile, comhchathaoirleacht ar an gComhairle.

2. Déanfar sealaíocht ar oifig Chathaoirleach na Comhairle (dá ngairtear 'an Cathaoirleach atá i gceannas' anseo feasta) mar a leanas:

   (a) ón 1 Aibreán go dtí an 30 Meán Fómhair, is é an cathaoirleach arna ainmniú ag Comhaltaí ESACC i Muir Chairib a bheidh ina chathaoirleach;

   (b) ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Márta, is é an cathaoirleach arna ainmniú ag an bPáirtí AE a bheidh ina chathaoirleach.

*Airteagal 4*

*Clár oibre na gcruinnithe*

1. Is é an Cathaoirleach atá i gceannas a tharraingeoidh clár oibre sealadach suas le haghaidh gach cruinnithe ar bhonn comhthoil idir na Páirtithe. Cuirfear an clár oibre sealadach in iúl do chomhaltaí eile na Comhairle 30 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe. Áireofar ar an gclár oibre sealadach na míreanna sin a bhfuair an Cathaoirleach atá i gceannas iarraidh ina leith 35 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe go gcuirfí san áireamh iad.

2. Tarchuirfear aon doiciméadacht a bhaineann leis na míreanna ar an gclár oibre sealadach chuig an Rúnaíocht in am trátha lena cur ar aghaidh chuig comhaltaí na Comhairle agus chuig comhaltaí Chomhchoiste AE-an Chairib (dá ngairtear 'an Coiste' anseo feasta), 21 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe.

3. Glacfaidh an Chomhairle an clár oibre ag tús gach cruinnithe. I gcásanna práinne, féadfaidh an Chomhairle cinneadh a dhéanamh, arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, míreanna a chur ar an gclár oibre nár urramaíodh na teorainneacha ama a leagtar síos i mír 1 ina leith.

4. Féadfar an clár oibre sealadach a roinnt ina Chuid A, Cuid B agus Cuid C mar a leanas:

(a) i gCuid A beidh míreanna ar féidir leis an gComhairle a fhormheas gan phlé;

(b) áireofar i gCuid B míreanna nach mór don Chomhairle a phlé sula bhformheastar iad;

(c) áireofar i gCuid C míreanna nach mór a phlé trí bhíthin sheisiún tuairimíochta neamhfhoirmiúil.

*Airteagal 5*
*Imeachtaí*

1. I gcomhréir le hAirteagal 92(2), pointe (b), agus Airteagal 92(3) den Chomhaontú, glacfaidh an Chomhairle cinntí nó déanfaidh sí moltaí chun éifeacht a thabhairt do ghnéithe sonracha de Phrótacal Réigiúnach na Cairibe, de chomhthoil na bPáirtithe. Beidh na cinntí ina gceangal ar na Páirtithe go léir, mura sonraítear a mhalairt.

2. I gcás ina dtagann an Chomhairle le chéile i bhformáid fhíorúil nó hibrideach, leanfaidh glacadh cinntí agus moltaí an nós imeachta i scríbhinn in Airteagal 6.

3. Ní bheidh imeachtaí na Comhairle bailí ach amháin má bhíonn na hionadaithe ón Aontas Eorpach, na hionadaithe ó ar a laghad leath de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus na hionadaithe ó ar a laghad dhá thrian de Chomhaltaí ESACC i Muir Chairib i láthair.

4. Féadfaidh comhaltaí den Chomhairle nach féidir leo freastal ar imeachtaí a údarú do chomhalta eile gníomhú thar a cheann agus a chearta uile a fheidhmiú. Cuirfidh an comhalta nach bhfuil in ann freastal ar na himeachtaí na Comhchathaoirligh ar an eolas tríd an Rúnaíocht dá réir sin agus sonróidh sé an comhalta a d'údaraigh sé.

5. Féadfaidh comhairleoirí comhaltaí na Comhairle a thionlacan chun cúnamh a thabhairt dóibh.

6. Cuirfear comhdhéanamh gach toscaireachta in iúl do na Comhchathaoirligh tríd an Rúnaíocht roimh thús gach seisiúin.

7. Beidh ionadaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta (dá ngairtear 'BEI' anseo feasta) i láthair ag seisiúin de chuid na Comhairle nuair a bheidh ábhair a bhaineann le réimsí feidhme BEI ar an gclár oibre.

8. Mura gcinnfear a mhalairt, féadfaidh na Comhchathaoirligh plé ar mhíreanna áirithe ar an gclár oibre a fhorchoimeád do láithreacht na bPáirtithe amháin.

*Airteagal 6*

*Nós imeachta i scríbhinn*

1. Mar a fhoráiltear in Airteagal 92(4), pointe (a), den Chomhaontú, féadfaidh an Chomhairle cinntí a ghlacadh nó moltaí a dhéanamh trí nós imeachta i scríbhinn. Féadfaidh ceachtar Páirtí a mholadh go n-úsáidfear nós imeachta i scríbhinn agus féadfar é a thionscnamh tar éis comhaontú na gComhchathaoirleach a fháil.

2. An tráth céanna a thionscnaítear an nós imeachta i scríbhinn, socrófar teorainn ama réasúnta le haghaidh freagraí. Ar dhul in éag na teorann ama sin, cinnfidh an Cathaoirleach atá i gceannas gur formheasadh an togra maidir le cinneadh nó moladh, mura bhfuil agóid déanta ag ceachtar Páirtí ina choinne.

*Airteagal 7*

*Fochoistí agus meithleacha*

1. Le cinneadh uaithi, féadfaidh an Chomhairle fochoistí agus meithleacha a chur ar bun, de bhun Airteagal 92(4), pointe (b), den Chomhaontú, chun déileáil le saincheisteanna sonracha ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla.

2. Féadfaidh an Chomhairle rialacha nós imeachta na bhfochoistí agus na meithleacha a chuireann sí ar bun a ghlacadh. Mura nglacfaidh an Chomhairle rialacha nós imeachta den sórt sin, féadfaidh na fochoistí agus na meithleacha a rialacha nós imeachta féin a ghlacadh.

3. Cuirfidh na fochoistí agus na meithleacha tuarascálacha ar a gcuid oibre faoi bhráid na Comhairle.

*Airteagal 8*

*Breathnóirí*

1. Ionadaithe ó aon Chomhalta de ESACC i Muir Chairib ar sínitheoir leis an gComhaontú é (‘Stát sínithe’) nár thug na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 98(1) agus (2) den Chomhaontú i gcrích go fóill ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe, féadfaidh siad freastal ar sheisiúin na Comhairle mar bhreathnóirí. Coinneofar stádas breathnóra den sórt sin go dtí go gcuirfidh an Stát sínithe lena mbaineann na nósanna imeachta sin i gcrích laistigh den spriocdháta a leagtar amach in Airteagal 98(3) den Chomhaontú nó, ina éagmais sin, ar feadh tréimhse éiginnte.

2. Féadfaidh tíortha agus críocha thar lear de chuid an Aontais (TCTLanna) i réigiún na Cairibe freastal ar sheisiúin na Comhairle mar bhreathnóirí, mar a fhoráiltear in Airteagal 6(2) de Phrótacal Réigiúnach na Cairibe.

3. Féadfaidh ionadaithe ó na tríú gníomhaithe seo a leanas, le cinneadh ón gComhairle, freastal ar sheisiúin na Comhairle mar bhreathnóirí:

   (a) Stáit i réigiún na Cairibe a chuir isteach ar aontachas leis an gComhaontú faoi na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 102 den Chomhaontú;

   (b) Stáit i réigiún na Cairibe is comhaltaí de ESACC ach nach páirtithe sa Chomhaontú go fóill iad, chomh maith le Stáit i réigiún na Cairibe ag a bhfuil stádas breathnóra in ESACC;

   (c) tríú gníomhaithe eile, lena n-áirítear eagraíochtaí réigiúnacha agus ilchríochacha.

4. Déanfaidh an Rúnaíocht liosta breathnóirí a tharraingt suas agus a choinneáil cothrom le dáta de bhun mhíreanna 1, 2 agus 3.

5. Maidir le breathnóirí a bheidh ag freastal ar chruinniú:

(a) ní chaithfidh siad vóta sna himeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 5(1);

(b) ní dhéanfaidh siad ráitis ó bhéal le linn an chruinnithe, ach amháin má iarrann na Comhchathaoirligh orthu déanamh amhlaidh;

(c) féadfaidh siad faisnéis agus doiciméadacht neamhrúnda a scaipeann an Rúnaíocht a fháil.

Chomh maith leis na cearta agus na hoibleagáidí a liostaítear sa chéad fhomhír den mhír seo, féadfaidh na breathnóirí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 agus mír 3, pointí (a) agus (b), barúlacha i scríbhinn a thíolacadh a bhaineann leis na míreanna ar an gclár oibre de chruinniú ábhartha na Comhairle.

*Airteagal 9*

*Rannpháirteachas le páirtithe leasmhara*

1. Beidh rannpháirteachas le páirtithe leasmhara ann i gcomhréir leis na sásraí oscailte trédhearcacha le haghaidh comhairliúchán struchtúrtha le páirtithe leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 95(3) den Chomhaontú.

2. Mar a fhoráiltear in Airteagal 95(2) den Chomhaontú, cuirfear páirtithe leasmhara ar an eolas go tráthúil agus beidh siad in ann ionchur a sholáthar i bpróiseas leathan an idirphlé, go háirithe ag féachaint do chruinnithe na Comhairle.

*Airteagal 10*

*Rúndacht agus foilseacháin oifigiúla*

1. Mura gcinnfear a mhalairt, ní bheidh cruinnithe na Comhairle ina gcruinnithe poiblí. Beidh pas de dhíth chun rochtain a fháil ar chruinnithe na Comhairle.

2. Gan dochar d'fhorálacha eile is infheidhme, cumhdófar plé na Comhairle le hoibleagáid na rúndachta gairmiúla.

3. Féadfaidh gach Páirtí a chinneadh cinntí agus moltaí na Comhairle a fhoilsiú ina bhfoilseacháin oifigiúla féin.

*Airteagal 11*

*Teachtaireachtaí agus miontuairiscí na gcruinnithe*

1. Aon teachtaireacht dá bhforáiltear sna Rialacha Nós Imeachta seo, tarchuirfear í tríd an Rúnaíocht chuig ionadaithe ó gach Comhalta de ESACC i Muir Chairib, Rúnaíocht ESACC, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, Buanionadaithe Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach.

2. Cuirfear na teachtaireachtaí dá dtagraítear i mir 1 chuig Uachtarán BEI freisin i gcás ina mbaineann siad le BEI.

3. Tarraingeoidh an Rúnaíocht suas dréacht-mhiontuairiscí ar gach cruinniú, ina dtabharfar aird go háirithe ar na cinntí a dhéanfaidh an Chomhairle, agus cuirfear ar fáil do na Páirtithe iad. Cuirfear na dréacht-mhiontuairiscí faoi bhráid na Comhairle nó an Choiste, de réir mar is iomchuí, lena bhformheas.

*Airteagal 12*

*Teangacha oibre agus doiciméadacht*

1. Is iad an Béarla, an Fhraincis agus an Spáinnis teangacha oibre na Comhairle.

2. Mura gcinnfear a mhalairt, déanfaidh an Chomhairle a plé ar bhonn doiciméid arna ndréachtú i mBéarla.

*Airteagal 13*

*Foirmeacha na ngníomhartha*

1. Maidir le cinntí agus moltaí de réir bhrí Airteagal 92(3) den Chomhaontú, tabharfar an teideal 'Cinneadh' nó 'Moladh' orthu, faoi seach, agus sraithuimhir, an dáta glactha agus tuairisc ar an ábhar ina dhiaidh.

2. Tabharfar i gcrích iad leis an bhfoirmle 'Arna dhéanamh i/in/sa/san …', '(dáta)', is é sin an dáta glactha.

3. Sonrófar i gcinntí an dáta ar a bhfuil siad le teacht i bhfeidhm.

4. Síneoidh an Cathaoirleach atá i gceannas na cinntí agus na moltaí arna nglacadh ag an gComhairle agus fíordheimhneoidh na Comhrúnaithe iad, agus coinneoidh an Rúnaíocht iad.

5. Tarchuirfear na cinntí agus na moltaí, tríd an Rúnaíocht, chuig na faighteoirí dá dtagraítear in Airteagal 11(1).

*Airteagal 14*

*Comhchoiste AE-an Chairib*

1. Féadfaidh an Chomhairle cumhachtaí a tharmligean chuig Comhchoiste AE-an Chairib i gcomhréir le hAirteagal 92(4), pointe (b), den Chomhaontú.

2. Leagtar síos na coinníollacha le haghaidh chruinnithe Chomhchoiste AE-an Chairib ina rialacha nós imeachta.

3. Ullmhóidh Comhchoiste AE-an Chairib seisiúin na Comhairle, tabharfaidh sé cúnamh don Chomhairle a chomhlíonadh, agus déanfaidh sé aon sainordú a chuireann an Chomhairle de chúram air.

*Airteagal 15*

*Rannpháirtíocht i dTionól Parlaiminteach AE-an Chairib*

Nuair a fhreastalóidh an Chomhairle ar chruinnithe de Thionól Parlaiminteach AE-an Chairib, arna bhunú le hAirteagal 94(1), pointe (b), den Chomhaontú, is iad na Comhchathaoirligh a dhéanfaidh ionadaíocht di.

*Airteagal 16*

*Comhleanúnachas beartais*

1. Nuair a iarrann na Páirtithe comhairliúcháin de bhun Airteagal 4(2) den Chomhaontú, reáchtálfar na comhairliúcháin sin go pras, agus mar riail ghinearálta laistigh de 42 lá ón iarraidh.

2. Reáchtálfar na comhairliúcháin i bhformáid iomchuí mar a chomhaontóidh na Páirtithe go frithpháirteach.

*Airteagal 17*

*An Rúnaíocht*

1. Ainmneoidh an Páirtí AE oifigeach ó Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh mar Chomhrúnaí. Ainmneoidh Comhaltaí ESACC i Muir Chairib oifigeach ó Rúnaíocht ESACC mar Chomhrúnaí. Cuirfidh gach Páirtí an Comhrúnaí arna ainmniú aige in iúl don Pháirtí eile. Déanfaidh na Comhrúnaithe Rúnaíocht na Comhairle agus an Choiste a reáchtáil go comhpháirteach.

2. Comhlíonfaidh na Comhrúnaithe a gcúraimí i gcrích go hiomlán neamhspleách agus ar mhaithe le dea-fheidhmiú an Chomhaontaithe amháin. Ní lorgóidh siad ná ní ghlacfaidh siad le treoracha ó aon rialtas, eagraíocht ná údarás seachas an Chomhairle agus an Coiste.

3. Seolfar comhfhreagras atá beartaithe le haghaidh na Comhairle chuig na Comhchathaoirligh tríd an Rúnaíocht.

*Airteagal 18*

*Rannpháirtíocht leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas*

Spreagfaidh na Comhchathaoirligh agus Ballstáit ábhartha an Aontais Eorpaigh rannpháirtíocht leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas i réigiún na Cairibe i réimsí leasa choitinn, i gcomhréir le hAirteagail 6(1) agus 51(2) de Phrótacal Réigiúnach Mhuir Chairib a ghabhann leis an gComhaontú.

*Airteagal 19*

*Na Rialacha Nós Imeachta a Leasú*

Féadfar na Rialacha Nós Imeachta seo a leasú le cinneadh ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 5.

DRÉACHT

**CINNEADH UIMH. …/2025**
**Ó CHOMHAIRLE AIRÍ AE-AN tAIGÉAN CIÚIN**

**an …**

**maidir le Rialacha Nós Imeachta Chomhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin a ghlacadh**

TÁ COMHAIRLE AIRÍ AE-AN tAIGÉAN CIÚIN,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile[1], a síníodh i Samó an 15 Samhain 2023 (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), agus go háirithe Airteagal 92(4), pointe (d), de,

1 IO AE L, 2023/2862, 28.12.2023,
ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2023/2862/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 92(2), pointe (b), den Chomhaontú, áirítear ar fheidhmeanna Chomhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin cinntí a ghlacadh chun éifeacht a thabhairt do ghnéithe sonracha de Phrótacal Réigiúnach an Aigéin Chiúin den Chomhaontú sin.

(2) De bhun Airteagal 92(4), pointe (d), den Chomhaontú, tá Comhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin lena rialacha nós imeachta a ghlacadh ag an gcéad chruinniú a bheidh aici,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Glactar Rialacha Nós Imeachta Chomhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/sa …, ...

*Thar ceann Chomhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin*
*An Cathaoirleach*

IARSCRÍBHINN

Rialacha nós imeachta chomhairle airí ae-an taigéan ciúin

*Airteagal 1*

*Raon feidhme*

Ní bheidh na forálacha faoi na Rialacha Nós Imeachta seo ina gceangal ach amháin ar na páirtithe a cheanglaítear faoi Phrótacal Réigiúnach an Aigéin Chiúin den Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile[1], a síníodh i Samó an 15 Samhain 2023 (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), i gcomhréir le hAirteagal 1(1) den Phrótacal sin.

*Airteagal 2*

*Forálacha ginearálta*

1. Cuirfidh Comhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin (dá ngairtear 'an Chomhairle' anseo feasta) a cúraimí i gcrích mar a fhoráiltear in Airteagal 92 den Chomhaontú. Ní imeoidh cinntí ná moltaí na Comhairle ó chinntí ná moltaí Chomhairle Airí ESACC-AE.

[1] IO AE L, 2023/2862, 28.12.2023,
ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2023/2862/oj.

2. Tuigfear gurb ionann tagairt do 'Páirtí' nó 'ceachtar Páirtí' sna Rialacha Nós Imeachta seo agus tagairt don Aontas Eorpach agus a Bhallstáit (dá ngairtear 'an Páirtí AE' anseo feasta) nó do Chomhaltaí ESACC san Aigéan Ciúin dá dtagraítear in Airteagal 6(3) den Chomhaontú, trína ngníomhóidh gach Páirtí i dteannta a chéile. Tuigfear gurb ionann tagairt do 'na Páirtithe' agus tagairt don Pháirtí AE agus do Chomhaltaí ESACC san Aigéan Ciúin araon, dá dtagraítear san Airteagal sin.

3. I gcomhréir le hAirteagal 92(1), pointe (c), den Chomhaontú, is é a bheidh sa Chomhairle, ar thaobh amháin, ionadaí ó gach Comhalta de ESACC san Aigéan Ciúin ar leibhéal aireachta agus, ar an taobh eile, ionadaithe ón Aontas Eorpach agus a Bhallstáit ar leibhéal aireachta.

4. Tiocfaidh an Chomhairle le chéile i bprionsabal gach 2 bhliain agus aon uair a mheasfar gá a bheith leis ar thionscnamh na gComhchathaoirleach.

5. Is iad na Comhchathaoirligh a thionólfaidh an Chomhairle. Socrófar dátaí a cruinnithe de chomhthoil idir na Páirtithe.

6. Tiocfaidh an Chomhairle le chéile gach re seal sa Bhruiséil agus in ionad i gceann de Chomhaltaí ESACC san Aigéan Ciúin, mar a shocraítear de chomhthoil idir na Páirtithe. Féadfaidh na Páirtithe teacht ar chomhaontú frithpháirteach maidir le hionad eile.

7. Féadfaidh an Chomhairle teacht le chéile i bhformáid fhíorúil nó hibrideach má fhágann na himthosca gur gá sin, arna chinneadh sin do na Comhchathaoirligh.

*Airteagal 3*

*Comhchathaoirligh*

1. I gcomhréir le hAirteagal 92(1) den Chomhaontú, déanfaidh an cathaoirleach arna ainmniú ag Comhaltaí ESACC san Aigéan Ciúin, ar thaobh amháin, agus an cathaoirleach arna ainmniú ag an bPáirtí AE, ar an taobh eile, comhchathaoirleacht ar an gComhairle.

2. Déanfar sealaíocht ar oifig Chathaoirleach na Comhairle (dá ngairtear 'an Cathaoirleach atá i gceannas' anseo feasta) mar a leanas:

 (a) ón 1 Aibreán go dtí an 30 Meán Fómhair, is é an cathaoirleach arna ainmniú ag Comhaltaí ESACC san Aigéan Ciúin a bheidh ina chathaoirleach;

 (b) ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Márta, is é an cathaoirleach arna ainmniú ag an bPáirtí AE a bheidh ina chathaoirleach.

*Airteagal 4*

*Clár oibre na gcruinnithe*

1. Is é an Cathaoirleach atá i gceannas a tharraingeoidh clár oibre sealadach suas le haghaidh gach cruinnithe ar bhonn comhthoil idir na Páirtithe. Cuirfear an clár oibre sealadach in iúl do chomhaltaí eile na Comhairle 30 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe. Áireofar ar an gclár oibre sealadach na míreanna a bhfuair an Cathaoirleach atá i gceannas iarraidh ina leith 35 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe go gcuirfí san áireamh iad.

2. Tarchuirfear aon doiciméadacht a bhaineann leis na míreanna ar an gclár oibre chuig an Rúnaíocht in am trátha lena cur ar aghaidh chuig comhaltaí na Comhairle agus chuig comhaltaí Chomhchoiste AE-an tAigéan Ciúin (dá ngairtear 'an Coiste' anseo feasta), 21 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe.

3. Glacfaidh an Chomhairle an clár oibre ag tús gach cruinnithe. I gcásanna práinne, féadfaidh an Chomhairle cinneadh a dhéanamh, arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, míreanna a chur ar an gclár oibre nár urramaíodh na teorainneacha ama a leagtar síos i mír 1 ina leith.

4. Féadfar an clár oibre sealadach a roinnt ina Chuid A, Cuid B agus Cuid C mar a leanas:

(a) i gCuid A beidh míreanna ar féidir leis an gComhairle a fhormheas gan phlé;

(b) i gCuid B beidh míreanna nach mór don Chomhairle a phlé sula bhformheastar iad;

(c) i gCuid C beidh míreanna nach mór a phlé trí bhíthin sheisiún tuairimíochta neamhfhoirmiúil.

*Airteagal 5*

*Imeachtaí*

1. I gcomhréir le hAirteagal 92(2), pointe (b), agus Airteagal 92(3) den Chomhaontú, glacfaidh an Chomhairle cinntí nó déanfaidh sí moltaí chun éifeacht a thabhairt do ghnéithe sonracha de Phrótacal Réigiúnach an Aigéin Chiúin, de chomhthoil na bPáirtithe. Beidh na cinntí ina gceangal ar na Páirtithe go léir, mura sonraítear a mhalairt.

2. I gcás ina dtagann an Chomhairle le chéile i bhformáid fhíorúil nó hibrideach, leanfaidh glacadh cinntí agus moltaí an nós imeachta i scríbhinn a leagtar síos in Airteagal 6.

3. Ní bheidh imeachtaí na Comhairle bailí ach amháin má bhíonn na hionadaithe ón Aontas Eorpach, na hionadaithe ó ar a laghad leath de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus na hionadaithe ó ar a laghad dhá thrian de Chomhaltaí ESACC san Aigéan Ciúin i láthair.

4. Féadfaidh comhaltaí den Chomhairle nach féidir leo freastal ar imeachtaí a údarú do chomhalta eile gníomhú thar a cheann agus a chearta uile a fheidhmiú. Cuirfidh an comhalta nach bhfuil in ann freastal ar na himeachtaí na Comhchathaoirligh ar an eolas tríd an Rúnaíocht dá réir sin agus sonróidh sé an comhalta a d'údaraigh sé.

5. Féadfaidh comhairleoirí comhaltaí na Comhairle a thionlacan chun cúnamh a thabhairt dóibh.

6. Cuirfear comhdhéanamh gach toscaireachta in iúl do na Comhchathaoirligh tríd an Rúnaíocht roimh thús gach seisiúin.

7. Beidh ionadaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta (dá ngairtear 'BEI' anseo feasta) i láthair ag seisiúin de chuid na Comhairle nuair a bheidh ábhair a bhaineann le réimsí feidhme BEI ar an gclár oibre.

8. Mura gcinnfear a mhalairt, féadfaidh na Comhchathaoirligh plé ar mhíreanna áirithe ar an gclár oibre a fhorchoimeád do láithreacht na bPáirtithe amháin.

*Airteagal 6*

*Nós imeachta i scríbhinn*

1. Mar a fhoráiltear in Airteagal 92(4), pointe (a), den Chomhaontú, féadfaidh an Chomhairle cinntí a ghlacadh nó moltaí a dhéanamh trí nós imeachta i scríbhinn. Féadfaidh ceachtar Páirtí a mholadh go n-úsáidfear nós imeachta i scríbhinn agus féadfar é a thionscnamh tar éis comhaontú na gComhchathaoirleach a fháil.

2. An tráth céanna a thionscnaítear an nós imeachta i scríbhinn, socrófar teorainn ama réasúnta le haghaidh freagraí. Ar dhul in éag na teorann ama sin, cinnfidh an Cathaoirleach atá i gceannas gur formheasadh an togra maidir le cinneadh nó moladh, mura bhfuil agóid déanta ag ceachtar Páirtí ina choinne.

*Airteagal 7*

*Fochoistí agus meithleacha*

1. Le cinneadh uaithi, féadfaidh an Chomhairle fochoistí agus meithleacha a chur ar bun de bhun Airteagal 92(4), pointe (b), den Chomhaontú chun déileáil le saincheisteanna sonracha ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla.

2. Féadfaidh an Chomhairle rialacha nós imeachta na bhfochoistí agus na meithleacha a chuireann sí ar bun a ghlacadh. Mura nglacfaidh an Chomhairle rialacha nós imeachta den sórt sin, féadfaidh na fochoistí agus na meithleacha a rialacha nós imeachta féin a ghlacadh.

3. Cuirfidh na fochoistí agus na meithleacha tuarascálacha ar a gcuid oibre faoi bhráid na Comhairle.

*Airteagal 8*

*Breathnóirí*

1. Ionadaithe ó aon Chomhalta de ESACC san Aigéan Ciúin ar sínitheoir leis an gComhaontú é ('Stát sínithe') nár thug na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 98(1) agus (2) den Chomhaontú i gcrích go fóill ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe, féadfaidh siad freastal ar sheisiúin na Comhairle mar bhreathnóirí. Coinneofar stádas breathnóra den sórt sin go dtí go gcuirfidh an Stát sínithe lena mbaineann na nósanna imeachta sin i gcrích laistigh den spriocdháta a leagtar amach in Airteagal 98(3) den Chomhaontú nó, ina éagmais sin, ar feadh tréimhse éiginnte.

2. Féadfaidh tíortha agus críocha thar lear de chuid an Aontais (TCTLanna) i réigiún an Aigéin Chiúin freastal ar sheisiúin na Comhairle mar bhreathnóirí, mar a fhoráiltear in Airteagal 6(3) de Phrótacal Réigiúnach an Aigéin Chiúin.

3. Féadfaidh ionadaithe ó na tríú gníomhaithe seo a leanas, le cinneadh ón gComhairle, freastal ar sheisiúin na Comhairle mar bhreathnóirí:

(a) Stáit i réigiún an Aigéin Chiúin a chuir isteach ar aontachas leis an gComhaontú faoi na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 102 den Chomhaontú;

(b) Stáit i réigiún an Aigéin Chiúin is comhaltaí de ESACC ach nach páirtithe sa Chomhaontú go fóill iad, chomh maith le Stáit i réigiún an Aigéin Chiúin ag a bhfuil stádas breathnóra in ESACC;

(c) tríú gníomhaithe eile, lena n-áirítear eagraíochtaí réigiúnacha agus ilchríochacha.

4. Déanfaidh an Rúnaíocht liosta breathnóirí a tharraingt suas agus a choinneáil cothrom le dáta de bhun mhíreanna 1, 2 agus 3.

5. Maidir le breathnóirí a bheidh ag freastal ar chruinniú:

(a) ní chaithfidh siad vóta sna himeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 5(1);

(b) ní dhéanfaidh siad ráitis ó bhéal le linn an chruinnithe, ach amháin má iarrann na Comhchathaoirligh orthu déanamh amhlaidh;

(c) féadfaidh siad faisnéis agus doiciméadacht neamhrúnda a scaipeann an Rúnaíocht a fháil.

Chomh maith leis na cearta agus na hoibleagáidí a liostaítear sa chéad fhomhír den mhír seo, féadfaidh na breathnóirí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 agus mír 3, pointí (a) agus (b), barúlacha i scríbhinn a thíolacadh a bhaineann leis na míreanna ar an gclár oibre de chruinniú ábhartha na Comhairle.

*Airteagal 9*

*Rannpháirteachas le páirtithe leasmhara*

1. Beidh rannpháirteachas le páirtithe leasmhara ann i gcomhréir leis na sásraí oscailte trédhearcacha le haghaidh comhairliúchán struchtúrtha le páirtithe leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 95(3) den Chomhaontú.

2. Mar a fhoráiltear in Airteagal 95(2) den Chomhaontú, cuirfear páirtithe leasmhara ar an eolas go tráthúil agus beidh siad in ann ionchur a sholáthar i bpróiseas leathan an idirphlé, go háirithe ag féachaint do chruinnithe na Comhairle.

*Airteagal 10*

*Rúndacht agus foilseacháin oifigiúla*

1. Mura gcinnfear a mhalairt, ní bheidh cruinnithe na Comhairle ina gcruinnithe poiblí. Beidh pas de dhíth chun rochtain a fháil ar chruinnithe na Comhairle.

2. Gan dochar d'fhorálacha eile is infheidhme, cumhdófar plé na Comhairle le hoibleagáid na rúndachta gairmiúla.

3. Féadfaidh gach Páirtí a chinneadh cinntí agus moltaí na Comhairle a fhoilsiú ina bhfoilseacháin oifigiúla féin.

*Airteagal 11*

*Teachtaireachtaí agus miontuairiscí na gcruinnithe*

1. Aon teachtaireacht dá bhforáiltear sna Rialacha Nós Imeachta seo, tarchuirfear í tríd an Rúnaíocht chuig ionadaithe ó gach Comhalta de ESACC san Aigéan Ciúin, Rúnaíocht ESACC, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, Buanionadaithe Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach.

2. Cuirfear na teachtaireachtaí dá dtagraítear i mir 1 chuig Uachtarán BEI freisin i gcás ina mbaineann siad le BEI.

3. Tarraingeoidh an Rúnaíocht suas dréacht-mhiontuairiscí ar gach cruinniú, ina dtabharfar aird go háirithe ar na cinntí a dhéanfaidh an Chomhairle, agus cuirfear ar fáil do na Páirtithe iad. Cuirfear na dréacht-mhiontuairiscí faoi bhráid na Comhairle nó an Choiste, de réir mar is iomchuí, lena bhformheas.

*Airteagal 12*

*Teangacha oibre agus doiciméadacht*

1. Is iad an Béarla, an Fhraincis agus an Phortaingéilis teangacha oibre na Comhairle.

2. Déanfaidh an Chomhairle a plé ar bhonn doiciméid arna ndréachtú i mBéarla agus, faoi réir iarraidh ó cheachtar Páirtí, i dteanga oibre breise dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 13*

*Foirmeacha na ngníomhartha*

1. Maidir le cinntí agus moltaí de réir bhrí Airteagal 92(3) den Chomhaontú, tabharfar an teideal 'Cinneadh' nó 'Moladh' orthu, faoi seach, agus sraithuimhir, an dáta glactha agus tuairisc ar an ábhar ina dhiaidh.

2. Tabharfar i gcrích iad leis an bhfoirmle 'Arna dhéanamh i/in/sa/san …', '(dáta)', is é sin an dáta glactha.

3. Sonrófar i gcinntí an dáta ar a bhfuil siad le teacht i bhfeidhm.

4. Síneoidh an Cathaoirleach atá i gceannas na cinntí agus na moltaí arna nglacadh ag an gComhairle agus fíordheimhneoidh na Comhrúnaithe iad, agus coinneoidh an Rúnaíocht iad.

5. Tarchuirfear na cinntí agus na moltaí, tríd an Rúnaíocht, chuig na faighteoirí dá dtagraítear in Airteagal 11(1).

*Airteagal 14*

*Comhchoiste AE-an tAigéan Ciúin*

1. Féadfaidh an Chomhairle cumhachtaí a tharmligean chuig Comhchoiste AE-an tAigéan Ciúin i gcomhréir le hAirteagal 92(4), pointe (b), den Chomhaontú.

2. Leagtar síos na coinníollacha le haghaidh chruinnithe Chomhchoiste AE-an tAigéan Ciúin ina rialacha nós imeachta.

3. Ullmhóidh Comhchoiste AE-an tAigéan Ciúin seisiúin na Comhairle, tabharfaidh sé cúnamh don Chomhairle a cúraimí a chomhlíonadh, agus déanfaidh sé aon sainordú a chuireann an Chomhairle de chúram air.

*Airteagal 15*

*Rannpháirtíocht i dTionól Parlaiminteach AE-an tAigéan Ciúin*

Nuair a fhreastalóidh an Chomhairle ar chruinnithe de Thionól Parlaiminteach AE-an tAigéan Ciúin, arna bhunú le hAirteagal 94(1), pointe (c), den Chomhaontú, is iad na Comhchathaoirligh a dhéanfaidh ionadaíocht di.

*Airteagal 16*

*Comhleanúnachas beartais*

1. Nuair a iarrann na Páirtithe comhairliúcháin de bhun Airteagal 4(2) den Chomhaontú, reáchtálfar na comhairliúcháin sin go pras, agus mar riail ghinearálta laistigh de 42 lá ón iarraidh.

2. Reáchtálfar na comhairliúcháin i bhformáid iomchuí mar a chomhaontóidh na Páirtithe go frithpháirteach.

*Airteagal 17*

*An Rúnaíocht*

1. Ainmneoidh an Páirtí AE oifigeach ó Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh mar Chomhrúnaí. Ainmneoidh Comhaltaí ESACC san Aigéan Ciúin oifigeach ó Rúnaíocht ESACC mar Chomhrúnaí. Cuirfidh gach Páirtí an Comhrúnaí arna ainmniú aige in iúl don Pháirtí eile. Déanfaidh na Comhrúnaithe Rúnaíocht na Comhairle agus an Choiste a reáchtáil go comhpháirteach.

2. Comhlíonfaidh na Comhrúnaithe a gcúraimí i gcrích go hiomlán neamhspleách agus ar mhaithe le dea-fheidhmiú an Chomhaontaithe amháin. Ní lorgóidh siad ná ní ghlacfaidh siad le treoracha ó aon rialtas, eagraíocht ná údarás seachas an Chomhairle agus an Coiste.

3. Seolfar comhfhreagras atá beartaithe le haghaidh na Comhairle chuig na Comhchathaoirligh tríd an Rúnaíocht.

*Airteagal 18*

*Na Rialacha Nós Imeachta a Leasú*

Féadfar na Rialacha Nós Imeachta seo a leasú le cinneadh ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 5.

DRÉACHT

**CINNEADH UIMH. …/2025**
**Ó CHOISTE NA nOIFIGEACH SINSEARACH AR LEIBHÉAL AMBASADÓRA ESACC-AE**

**an …**

**maidir le Rialacha Nós Imeachta Choiste na nOifigeach Sinsearach Ar Leibhéal Ambasadóra ESACC-AE a ghlacadh**

TÁ COISTE NA nOIFIGEACH SINSEARACH AR LEIBHÉAL AMBASADÓRA ESACC-AE,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile[1], a síníodh i Samó an 15 Samhain 2023 (dá ngairtear ‘an Comhaontú’ anseo feasta), agus go háirithe Airteagal 89(3) de,

[1] IO AE L, 2023/2862, 28.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2023/2862/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 89(2) den Chomhaontú, tabharfaidh Coiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra ESACC-AE (dá ngairtear 'COSLA ESACC-AE' anseo feasta) cúnamh do Chomhairle Airí ESACC-AE a cúraimí a chomhlíonadh agus déanfaidh sé aon sainordú a thugann Comhairle Airí ESACC-AE dó.

(2) De bhun Airteagal 89(3) den Chomhaontú, tá COSLA ESACC-AE lena rialacha nós imeachta a ghlacadh ag an gcéad chruinniú a bheidh aige,

TAR ÉIS AN CHINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Glactar Rialacha Nós Imeachta COSLA ESACC-AE, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/sa …, ...

*Thar ceann COSLA ESACC-AE*
*An Cathaoirleach*

IARSCRÍBHINN

Rialacha nós imeachta choiste na noifigeach sinsearach ar leibhéal ambasadóra esacc-ae

*Airteagal 1*

*Forálacha ginearálta*

1. Cuirfidh Coiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra ESACC-AE (dá ngairtear 'COSLA' anseo feasta) a chúraimí i gcrích mar a fhoráiltear in Airteagal 89 den Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile[1], a síníodh i Samó an 15 Samhain 2023 (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta).

2. Tuigfear gurb ionann tagairt do 'Páirtí' nó 'ceachtar Páirtí' sna Rialacha Nós Imeachta seo agus tagairt don Aontas Eorpach agus a Bhallstáit (dá ngairtear 'an Páirtí AE' anseo feasta) nó do Chomhaltaí ESACC dá dtagraítear in Airteagal 1(1) den Chomhaontú, trína ngníomhóidh gach Páirtí i dteannta a chéile. Tuigfear gurb ionann tagairt do 'na Páirtithe' agus tagairt don Pháirtí AE agus do Chomhaltaí ESACC araon, dá dtagraítear san Airteagal sin.

---

[1] IO AE L, 2023/2862, 28.12.2023,
ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2023/2862/oj.

3. I gcomhréir le hAirteagal 89(1) den Chomhaontú, is é a bheidh in COSLA, ar thaobh amháin, ionadaí ó gach Comhalta de ESACC ar leibhéal ambasadóra nó ar leibhéal oifigigh shinsearaigh agus Ard-Rúnaí ESACC i gcáil *ex officio* agus, ar an taobh eile, ionadaithe ón Aontas Eorpach agus a Bhallstáit ar leibhéal ambasadóra nó ar leibhéal oifigigh shinsearaigh.

4. Mar a fhoráiltear in Airteagal 89(1) den Chomhaontú, tiocfaidh COSLA le chéile ar bhonn bliantúil agus ag seisiúin speisialta arna iarraidh sin do na Comhchathaoirligh, agus go háirithe chun ullmhúchán a dhéanamh le haghaidh sheisiúin Chomhairle Airí ESACC-AE (dá ngairtear 'an Chomhairle' anseo feasta).

5. Is iad na Comhchathaoirligh a thionólfaidh COSLA. Socrófar dátaí a chruinnithe de chomhthoil idir na Páirtithe.

6. Tiocfaidh COSLA le chéile sa Bhruiséil. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh COSLA teacht le chéile in ionad i gceann de Chomhaltaí ESACC, mar a shocraítear de chomhthoil idir na Páirtithe.

7. Féadfaidh COSLA teacht le chéile i bhformáid fhíorúil nó hibrideach má fhágann na himthosca gur gá sin, arna chinneadh sin do na Comhchathaoirligh.

*Airteagal 2*
*Comhchathaoirligh*

1. Mar a fhoráiltear in Airteagal 89(1) den Chomhaontú, is iad na Páirtithe céanna atá ina gComhchathaoirligh ar an gComhairle a dhéanfaidh comhchathaoirleacht ar COSLA.

2. Déanfar sealaíocht ar oifig Chathaoirleach ALSOC (dá ngairtear 'an Cathaoirleach atá i gceannas' anseo feasta) i gcomhréir le hAirteagal 2(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

*Airteagal 3*

*Feidhmeanna COSLA*

1. I gcomhréir le hAirteagal 89(2) den Chomhaontú, ullmhóidh COSLA seisiúin na Comhairle, agus tabharfaidh sé cúnamh don Chomhairle a cúraimí a chomhlíonadh, agus déanfaidh sé aon sainordú a chuireann an Chomhairle de chúram air. Sa chomhthéacs sin, déanfaidh sé faireachán ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe agus ar an dul chun cinn ionsar na cuspóirí a leagtar amach ann a bhaint amach.

2. Tuairisceoidh COSLA don Chomhairle, go háirithe ar ábhair ar tarmligeadh cumhachtaí ina leith.

3. Cuirfidh sé faoi bhráid na Comhairle aon mholtaí a mheasann sé is gá nó is iomchuí.

*Airteagal 4*

*Clár oibre na gcruinnithe*

1. Is é an Cathaoirleach atá i gceannas a tharraingeoidh clár oibre sealadach suas le haghaidh gach cruinnithe ar bhonn comhthoil idir na Páirtithe. Cuirfear an clár oibre sealadach in iúl do chomhaltaí eile COSLA 14 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe.

2. Áireofar ar an gclár oibre sealadach na míreanna a bhfuair na Comhchathaoirligh iarraidh ina leith 17 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe go gcuirfí san áireamh iad. Tarchuirfear aon doiciméadacht a bhaineann leis na míreanna ar an gclár oibre chuig an Rúnaíocht in am trátha lena cur ar aghaidh chuig comhaltaí COSLA 8 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe.

3. Glacfaidh COSLA an clár oibre ag tús gach cruinnithe. I gcásanna práinne, féadfaidh COSLA cinneadh a dhéanamh, arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, míreanna a chur ar an gclár oibre nár urramaíodh na teorainneacha ama a leagtar síos i mír 1 ina leith.

*Airteagal 5*

*Imeachtaí*

1. I gcomhréir le hAirteagal 89(1) den Chomhaontú, déanfaidh COSLA a chinntí agus déanfaidh sé moltaí de chomhthoil na bPáirtithe.

2. I gcás ina dtagann COSLA le chéile i bhformáid fhíorúil nó hibrideach, leanfaidh glacadh cinntí agus moltaí an nós imeachta i scríbhinn a leagtar síos in Airteagal 6.

3. Ní bheidh imeachtaí COSLA bailí ach amháin má bhíonn na hionadaithe ón Aontas Eorpach, na hionadaithe ó ar a laghad leath de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, agus na hionadaithe ó ar a laghad dhá thrian d'ionadaithe chomhaltaí ESACC i láthair.

4. Féadfaidh comhaltaí de chuid COSLA nach féidir leo freastal ar imeachtaí a údarú do chomhalta eile gníomhú thar a cheann agus a chearta uile a fheidhmiú. Cuirfidh an comhalta nach bhfuil in ann freastal ar na himeachtaí na Comhchathaoirligh ar an eolas tríd an Rúnaíocht dá réir sin agus sonróidh sé an comhalta a d'údaraigh sé.

5. Féadfaidh comhairleoirí comhaltaí COSLA a thionlacan chun cúnamh a thabhairt dóibh.

6. Cuirfear comhdhéanamh gach toscaireachta in iúl do na Comhchathaoirligh tríd an Rúnaíocht roimh thús gach seisiúin.

7. Beidh ionadaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta (dá ngairtear 'BEI' anseo feasta) i láthair ag cruinnithe COSLA nuair a bheidh ábhair a bhaineann le réimsí feidhme BEI ar an gclár oibre.

8. Mura gcinnfear a mhalairt, féadfaidh na Comhchathaoirligh plé ar mhíreanna áirithe ar an gclár oibre a fhorchoimeád do láithreacht na bPáirtithe amháin.

*Airteagal 6*

*Nós imeachta i scríbhinn*

1. Féadfaidh COSLA cinntí nó moltaí a dhéanamh trí nós imeachta i scríbhinn. Féadfaidh ceachtar Páirtí a mholadh go n-úsáidfear nós imeachta i scríbhinn agus féadfar é a thionscnamh tar éis comhaontú na gComhchathaoirleach a fháil.

2. An tráth céanna a thionscnaítear an nós imeachta i scríbhinn, socrófar teorainn ama réasúnta le haghaidh freagraí. Ar dhul in éag na teorann ama sin, cinnfidh an Cathaoirleach atá i gceannas gur formheasadh an togra maidir le cinneadh nó moladh, mura bhfuil agóid déanta ag ceachtar Páirtí ina choinne.

*Airteagal 7*

*Breathnóirí*

1. Ionadaithe ó aon Stát ar sínitheoir leis an gComhaontú é ('Stát sínithe') nár thug na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 98(1) agus (2) den Chomhaontú i gcrích go fóill ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe, féadfaidh siad freastal ar sheisiúin COSLA mar bhreathnóirí. Coinneofar stádas breathnóra den sórt sin go dtí go gcuirfidh an Stát sínithe lena mbaineann na nósanna imeachta sin i gcrích laistigh den spriocdháta a leagtar amach in Airteagal 98(3) den Chomhaontú nó, ina éagmais sin, ar feadh tréimhse éiginnte.

2. Féadfaidh ionadaithe ó na tríú gníomhaithe seo a leanas, le cinneadh ó COSLA, freastal ar sheisiúin COSLA mar bhreathnóirí:

(a) Stáit a chuir isteach ar aontachas leis an gComhaontú faoi na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 102 den Chomhaontú;

(b) Stáit is comhaltaí de ESACC ach nach páirtithe sa Chomhaontú go fóill iad, chomh maith le Stáit ag a bhfuil stádas breathnóra in ESACC;

(c) tíortha agus críocha thar lear de chuid an Aontais (TCTLanna) i réigiúin na Cairibe agus an Aigéin Chiúin;

(d) tríú gníomhaithe eile, lena n-áirítear eagraíochtaí réigiúnacha agus ilchríochacha.

3. Déanfaidh an Rúnaíocht liosta breathnóirí a tharraingt suas agus a choinneáil cothrom le dáta de bhun mhíreanna 1 agus 2.

4. Maidir le breathnóirí a bheidh ag freastal ar chruinniú:

(a) ní chaithfidh siad vóta sna himeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 5(1);

(b) ní dhéanfaidh siad ráitis ó bhéal le linn an chruinnithe, ach amháin má iarrann na Comhchathaoirligh orthu déanamh amhlaidh;

(c) féadfaidh siad faisnéis agus doiciméadacht neamhrúnda a scaipeann an Rúnaíocht a fháil.

Chomh maith leis na cearta agus na hoibleagáidí a liostaítear sa chéad fhomhír den mhír seo, féadfaidh na breathnóirí dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2, pointí (a), (b) agus (c), barúlacha i scríbhinn a thíolacadh a bhaineann leis na míreanna ar an gclár oibre de chruinniú ábhartha COSLA.

*Airteagal 8*

*Rúndacht agus foilseacháin oifigiúla*

1. Mura gcinnfear a mhalairt, ní bheidh cruinnithe COSLA ina gcruinnithe poiblí. Beidh pas de dhíth chun rochtain a fháil ar chruinnithe COSLA.

2. Gan dochar d'fhorálacha eile is infheidhme, cumhdófar plé COSLA le hoibleagáid na rúndachta gairmiúla.

3. Féadfaidh gach Páirtí a chinneadh cinntí agus moltaí COSLA a fhoilsiú ina bhfoilseacháin oifigiúla féin.

*Airteagal 9*

*Teachtaireachtaí agus miontuairiscí na gcruinnithe*

1. Aon teachtaireacht dá bhforáiltear sna Rialacha Nós Imeachta seo, tarchuirfear í trí Rúnaíocht na Comhairle chuig ionadaithe ó gach Comhalta de ESACC, Rúnaíocht ESACC, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, Buanionadaithe Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach.

2. Cuirfear na teachtaireachtaí dá dtagraítear i mir 1 chuig Uachtarán BEI freisin i gcás ina mbaineann siad le BEI.

3. Tarraingeoidh an Rúnaíocht suas dréacht-mhiontuairiscí ar gach cruinniú, ina dtabharfar aird go háirithe ar na cinntí a dhéanfaidh COSLA agus cuirfear ar fáil do na Páirtithe iad. Cuirfear na dréacht-mhiontuairiscí faoi bhráid COSLA lena bhformheas.

*Airteagal 10*

*Teangacha oibre agus doiciméadacht*

1. Is iad an Béarla, an Fhraincis, an Phortaingéilis agus an Spáinnis teangacha oibre COSLA.

2. Déanfaidh COSLA a phlé ar bhonn doiciméid arna ndréachtú i mBéarla agus, faoi réir iarraidh ó cheachtar Páirtí, i dteanga oibre breise dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 11*

*Foirmeacha na ngníomhartha*

1. Maidir le cinntí agus moltaí de réir bhrí Airteagal 89(1) den Chomhaontú, tabharfar an teideal 'Cinneadh' nó 'Moladh' orthu, faoi seach, agus sraithuimhir, an dáta glactha agus tuairisc ar an ábhar ina dhiaidh.

2. Tabharfar i gcrích iad leis an bhfoirmle 'Arna dhéanamh i/in/sa/san …', '(dáta)', is é sin an dáta glactha.

3. Sonrófar i gcinntí an dáta ar a bhfuil siad le teacht i bhfeidhm.

4. Síneoidh an Cathaoirleach atá i gceannas na cinntí agus na moltaí arna nglacadh ag COSLA agus fíordheimhneoidh na Comhrúnaithe iad, agus coinneoidh an Rúnaíocht iad.

5. Tarchuirfear na cinntí agus na moltaí, tríd an Rúnaíocht, chuig na faighteoirí dá dtagraítear in Airteagal 9(1).

*Airteagal 12*

*Fochoistí*

1. Féadfaidh COSLA, le cinneadh, fochoistí a bhunú chun an obair a mheasann sé is gá a dhéanamh chun a chúraimí a chomhlíonadh mar a leagtar amach in Airteagal 89(2) den Chomhaontú.

2. Féadfaidh COSLA rialacha nós imeachta na bhfochoistí a chuireann sé ar bun a ghlacadh. Mura nglacfaidh COSLA rialacha nós imeachta den sórt sin, féadfaidh na fochoistí a rialacha nós imeachta féin a ghlacadh.

*Airteagal 13*

*An Rúnaíocht*

Is í an rúnaíocht chéanna a bheidh i gceist le Rúnaíocht COSLA agus an Rúnaíocht a bunaíodh don Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

*Airteagal 14*

*Na Rialacha Nós Imeachta a Leasú*

Féadfar na Rialacha Nós Imeachta seo a leasú le cinneadh ó COSLA i gcomhréir le hAirteagal 5.

DRÉACHT

**CINNEADH UIMH. …/2025**
**Ó CHOMHCHOISTE AE-AN AFRAIC**

**an …**

**maidir le Rialacha Nós Imeachta Chomhchoiste AE-an Afraic a ghlacadh**

TÁ COMHCHOISTE AE-AN AFRAIC,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile[1], a síníodh i Samó an 15 Samhain 2023 (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), agus go háirithe Airteagal 93(4) de,

---

1 IO AE L, 2023/2862, 28.12.2023,
ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2023/2862/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 93(3) den Chomhaontú, tabharfaidh Comhchoiste AE-an Afraic cúnamh do Chomhairle Airí AE-an Afraic a cúraimí a chomhlíonadh agus déanfaidh sé aon sainordú a thugann Comhairle Airí AE-an Afraic dó.

(2) De bhun Airteagal 93(4) den Chomhaontú, tá Comhchoiste AE-an Afraic lena rialacha nós imeachta a ghlacadh ag an gcéad chruinniú a bheidh aige,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Glactar Rialacha Nós Imeachta Chomhchoiste AE-an Afraic, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/sa …, ...

*Thar ceann Chomhchoiste AE-an Afraic*
*An Cathaoirleach*

IARSCRÍBHINN

Rialacha Nós Imeachta Chomhchoiste AE-an Afraic

*Airteagal 1*

*Raon feidhme*

Ní bheidh na forálacha faoi na Rialacha Nós Imeachta seo ina gceangal ach amháin ar na páirtithe a cheanglaítear faoi Phrótacal Réigiúnach na hAfraice den Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile[1], a síníodh i Samó an 15 Samhain 2023 (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), i gcomhréir le hAirteagal 1(1) den Phrótacal sin.

*Airteagal 2*

*Forálacha ginearálta*

1. Cuirfidh Comhchoiste AE-an Afraic (dá ngairtear 'an Coiste' anseo feasta) a chúraimí i gcrích mar a fhoráiltear in Airteagal 93 den Chomhaontú.

2. Tuigfear gurb ionann tagairt do 'Páirtí' nó 'ceachtar Páirtí' sna Rialacha Nós Imeachta seo agus tagairt don Aontas Eorpach agus a Bhallstáit (dá ngairtear 'an Páirtí AE' anseo feasta) nó do Chomhaltaí ESACC san Afraic dá dtagraítear in Airteagal 6(3) den Chomhaontú, trína ngníomhóidh gach Páirtí i dteannta a chéile. Tuigfear gurb ionann tagairt do 'na Páirtithe' agus tagairt don Pháirtí AE agus do Chomhaltaí ESACC san Afraic araon, dá dtagraítear san Airteagal sin.

[1] IO AE L, 2023/2862, 28.12.2023,
ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2023/2862/oj.

3. I gcomhréir le hAirteagal 93(1) den Chomhaontú, is é a bheidh sa Choiste, ar thaobh amháin, ionadaí ó gach Comhalta de ESACC san Afraic ar leibhéal ambasadóra nó ar leibhéal oifigigh shinsearaigh agus, ar an taobh eile, ionadaithe ón Aontas Eorpach agus a Bhallstáit ar leibhéal ambasadóra nó ar leibhéal oifigigh shinsearaigh.

4. Tiocfaidh an Coiste le chéile aon uair a mheasfar gá a bheith leis ar thionscnamh na gComhchathaoirleach, agus go háirithe chun seisiúin Chomhairle Airí AE-an Afraic (dá ngairtear 'an Chomhairle' anseo feasta) a ullmhú.

5. Is iad na Comhchathaoirligh a thionólfaidh an Coiste. Socrófar dátaí a cruinnithe de chomhthoil idir na Páirtithe.

6. Tiocfaidh an Coiste le chéile sa Bhruiséil. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an Coiste teacht le chéile in ionad i gceann de Chomhaltaí ESACC san Afraic, mar a shocraítear de chomhthoil idir na Páirtithe.

7. Féadfaidh an Coiste teacht le chéile i bhformáid fhíorúil nó hibrideach má fhágann na himthosca gur gá sin, arna chinneadh sin do na Comhchathaoirligh.

*Airteagal 3*

*Comhchathaoirligh*

1. Mar a fhoráiltear in Airteagal 93(2) den Chomhaontú, is iad na Páirtithe céanna atá ina gComhchathaoirligh ar an gComhairle a dhéanfaidh comhchathaoirleacht ar an gCoiste.

2. Déanfar sealaíocht ar oifig Chathaoirleach an Choiste (dá ngairtear 'an Cathaoirleach atá i gceannas' anseo feasta) i gcomhréir le hAirteagal 3(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

*Airteagal 4*

*Feidhmeanna an Choiste*

1. I gcomhréir le hAirteagal 93(3) den Chomhaontú, ullmhóidh an Coiste seisiúin na Comhairle, tabharfaidh sé cúnamh don Chomhairle a cúraimí a chomhlíonadh, agus déanfaidh sé aon sainordú a chuireann an Chomhairle de chúram air. Sa chomhthéacs sin, déanfaidh sé faireachán ar chur chun feidhme Phrótacal Réigiúnach na hAfraice agus ar an dul chun cinn ionsar na cuspóirí a leagtar amach ann a bhaint amach.

2. Tuairisceoidh an Coiste don Chomhairle, go háirithe ar ábhair ar tarmligeadh cumhachtaí ina leith.

3. Cuirfidh sé faoi bhráid na Comhairle aon mholtaí a mheasann sé is gá nó is iomchuí.

*Airteagal 5*

*Clár oibre na gcruinnithe*

1. Is é an Cathaoirleach atá i gceannas a tharraingeoidh clár oibre sealadach suas le haghaidh gach cruinnithe ar bhonn comhthoil idir na Páirtithe. Cuirfear an clár oibre sealadach in iúl do chomhaltaí eile an Choiste 14 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe.

2. Áireofar ar an gclár oibre sealadach na míreanna a bhfuair na Comhchathaoirligh iarraidh ina leith 17 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe go gcuirfí san áireamh iad. Tarchuirfear aon doiciméadacht a bhaineann leis na míreanna ar an gclár oibre chuig an Rúnaíocht in am trátha lena cur ar aghaidh chuig comhaltaí an Choiste 8 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe.

3. Glacfaidh an Coiste an clár oibre ag tús gach cruinnithe. I gcásanna práinne, féadfaidh an Coiste cinneadh a dhéanamh, arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, míreanna a chur ar an gclár oibre nár urramaíodh na teorainneacha ama a leagtar síos i mír 1 ina leith.

*Airteagal 6*

*Imeachtaí*

1. Déanfaidh an Coiste a chinntí agus déanfaidh sé moltaí de chomhthoil na bPáirtithe.

2. I gcás ina dtagann an Coiste le chéile i bhformáid fhíorúil nó hibrideach, leanfaidh glacadh cinntí agus moltaí an nós imeachta i scríbhinn a leagtar síos in Airteagal 7.

3. Ní bheidh imeachtaí an Choiste bailí ach amháin má bhíonn na hionadaithe ón Aontas Eorpach, na hionadaithe ó ar a laghad leath de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, agus na hionadaithe ó ar a laghad dhá thrian de Chomhaltaí ESACC san Afraic i láthair.

4. Féadfaidh comhaltaí den Choiste nach féidir leo freastal ar imeachtaí a údarú do chomhalta eile gníomhú thar a cheann agus a chearta uile a fheidhmiú. Cuirfidh an comhalta nach bhfuil in ann freastal ar na himeachtaí na Comhchathaoirligh ar an eolas tríd an Rúnaíocht dá réir sin agus sonróidh sé an comhalta a d'údaraigh sé.

5. Féadfaidh comhairleoirí comhaltaí an Choiste a thionlacan chun cúnamh a thabhairt dóibh.

6. Cuirfear comhdhéanamh gach toscaireachta in iúl do na Comhchathaoirligh tríd an Rúnaíocht roimh thús gach seisiúin.

7. Beidh ionadaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta (dá ngairtear 'BEI' anseo feasta) i láthair ag cruinnithe an Choiste nuair a bheidh ábhair a bhaineann le réimsí feidhme BEI ar an gclár oibre.

8. Mura gcinnfear a mhalairt, féadfaidh na Comhchathaoirligh míreanna áirithe ar an gclár oibre a fhorchoimeád do láithreacht na bPáirtithe amháin.

*Airteagal 7*

*Nós imeachta i scríbhinn*

1. Féadfaidh an Coiste cinntí nó moltaí a dhéanamh trí nós imeachta i scríbhinn. Féadfaidh ceachtar Páirtí a mholadh go n-úsáidfear nós imeachta i scríbhinn agus féadfar é a thionscnamh tar éis comhaontú na gComhchathaoirleach a fháil.

2. An tráth céanna a thionscnaítear an nós imeachta i scríbhinn, socrófar teorainn ama réasúnta le haghaidh freagraí. Ar dhul in éag na teorann ama sin, cinnfidh an Cathaoirleach atá i gceannas gur formheasadh an togra maidir le cinneadh nó moladh, mura bhfuil agóid déanta ag ceachtar Páirtí ina choinne.

*Airteagal 8*

*Breathnóirí*

1. Ionadaithe ó aon Chomhalta de ESACC san Afraic ar sínitheoir leis an gComhaontú é (‘Stát sínithe’) nár thug na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 98(1) agus (2) den Chomhaontú i gcrích go fóill ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe, féadfaidh siad freastal ar sheisiúin an Choiste mar bhreathnóirí. Coinneofar stádas breathnóra den sórt sin go dtí go gcuirfidh an Stát sínithe lena mbaineann na nósanna imeachta sin i gcrích laistigh den spriocdháta a leagtar amach in Airteagal 98(3) den Chomhaontú nó, ina éagmais sin, ar feadh tréimhse éiginnte.

2. Féadfaidh ionadaithe ó na tríú gníomhaithe seo a leanas, le cinneadh ón gCoiste, freastal ar sheisiúin an Choiste mar bhreathnóirí:

(a) Stáit i réigiún na hAfraice a chuir isteach ar aontachas leis an gComhaontú faoi na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 102 den Chomhaontú;

(b) Stáit i réigiún na hAfraice is comhaltaí de ESACC ach nach páirtithe sa Chomhaontú go fóill iad, chomh maith le Stáit i réigiún na hAfraice ag a bhfuil stádas breathnóra in ESACC;

(c) tríú gníomhaithe eile, lena n-áirítear eagraíochtaí réigiúnacha agus ilchríochacha.

3. Déanfaidh an Rúnaíocht liosta breathnóirí a tharraingt suas agus a choinneáil cothrom le dáta de bhun mhíreanna 1 agus 2.

4. Maidir le breathnóirí a bheidh ag freastal ar chruinniú:

(a) ní chaithfidh siad vóta sna himeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(1).;

(b) ní dhéanfaidh siad ráitis ó bhéal le linn an chruinnithe, ach amháin má iarrann na Comhchathaoirligh orthu déanamh amhlaidh;

(c) féadfaidh siad faisnéis agus doiciméadacht neamhrúnda a scaipeann an Rúnaíocht a fháil.

Chomh maith leis na cearta agus na hoibleagáidí a liostaítear sa chéad fhomhír den mhír seo, féadfaidh na breathnóirí dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2, pointí (a) agus (b), barúlacha i scríbhinn a thíolacadh a bhaineann leis na míreanna ar an gclár oibre de chruinniú ábhartha an Choiste.

*Airteagal 9*

*Rúndacht agus foilseacháin oifigiúla*

1. Mura gcinnfear a mhalairt, ní bheidh cruinnithe an Choiste ina gcruinnithe poiblí. Beidh pas de dhíth chun rochtain a fháil ar chruinnithe an Choiste.

2. Gan dochar d’fhorálacha eile is infheidhme mar sin a bhféadfadh feidhm a bheith acu, cumhdófar plé an Choiste le hoibleagáid na rúndachta gairmiúla.

3. Féadfaidh gach Páirtí a chinneadh cinntí agus moltaí an Choiste a fhoilsiú ina bhfoilseacháin oifigiúla féin.

*Airteagal 10*

*Teachtaireachtaí agus miontuairiscí na gcruinnithe*

1. Aon teachtaireacht dá bhforáiltear sna Rialacha Nós Imeachta seo, tarchuirfear iad í an Rúnaíocht chuig ionadaithe ó gach Comhalta de ESACC san Afraic, Rúnaíocht ESACC, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, Buanionadaithe Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach.

2. Cuirfear na teachtaireachtaí dá dtagraítear i mir 1 chuig Uachtarán BEI freisin i gcás ina mbaineann siad le BEI.

3. Tarraingeoidh an Rúnaíocht suas dréacht-mhiontuairiscí ar gach cruinniú, ina dtabharfar aird go háirithe ar na cinntí a dhéanfaidh an Coiste, agus cuirfear ar fáil do na Páirtithe iad. Cuirfear na dréacht-mhiontuairiscí faoi bhráid an Choiste lena bhformheas.

*Airteagal 11*

*Teangacha oibre agus doiciméadacht*

1. Is iad an Béarla agus an Fhraincis teangacha oibre an Choiste.

2. Mura gcinnfear a mhalairt, déanfaidh an Coiste a phlé ar bhonn doiciméid arna ndréachtú sna teangacha dá dtagraítear i mír 1..

*Airteagal 12*

*Foirmeacha na ngníomhartha*

1. Maidir le cinntí agus moltaí a ghlacann an Coiste, tabharfar an teideal ‘Cinneadh’ nó ‘Moladh’ orthu, faoi seach, agus sraithuimhir, an dáta glactha agus tuairisc ar an ábhar ina dhiaidh.

2. Tabharfar i gcrích iad leis an bhfoirmle ‘Arna dhéanamh i/in/sa/san …’, ‘(dáta)’, is é sin an dáta glactha.

3. Sonrófar i gcinntí an dáta ar a bhfuil siad le teacht i bhfeidhm.

4. Síneoidh an Cathaoirleach atá i gceannas na cinntí agus na moltaí arna nglacadh ag an gCoiste agus fíordheimhneoidh na Comhrúnaithe iad, agus coinneoidh an Rúnaíocht iad.

5. Tarchuirfear na cinntí agus na moltaí, tríd an Rúnaíocht, chuig na faighteoirí dá dtagraítear in Airteagal 10(1).

*Airteagal 13*

*Fochoistí*

1. Féadfaidh an Coiste, le cinneadh, fochoistí a bhunú chun an obair a mheasann sé is gá a dhéanamh chun a chúraimí a chomhlíonadh mar a leagtar amach in Airteagal 93(3) den Chomhaontú.

2. Féadfaidh an Chomhairle rialacha nós imeachta na bhfochoistí a chuireann sí ar bun a ghlacadh. Mura nglacfaidh an Coiste rialacha nós imeachta den sórt sin, féadfaidh na fochoistí a rialacha nós imeachta féin a ghlacadh.

*Airteagal 14*

*An Rúnaíocht*

Is í an rúnaíocht chéanna a bheidh i gceist le Rúnaíocht an Choiste agus an Rúnaíocht a bunaíodh don Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

*Airteagal 15*

*Rannpháirtíocht leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas*

Spreagfaidh na Comhchathaoirligh agus Ballstáit ábhartha an Aontais Eorpaigh rannpháirtíocht leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas i réigiún na hAfraice i réimsí leasa choitinn, i gcomhréir le hAirteagal 3(7) de Phrótacal Réigiúnach na hAfraice a ghabhann leis an gComhaontú.

*Airteagal 16*

*Na Rialacha Nós Imeachta a Leasú*

Féadfar na Rialacha Nós Imeachta seo a leasú le cinneadh ón gCoiste i gcomhréir le hAirteagal 6.

DRÉACHT

**CINNEADH UIMH. …/2025**
**Ó CHOMHCHOISTE AE-AN CHAIRIB**

**an …**

**maidir le Rialacha Nós Imeachta**
**Chomhchoiste AE-an Chairib a ghlacadh**

TÁ COMHCHOISTE AE-AN CHAIRIB,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile[1], a síníodh i Samó an 15 Samhain 2023 (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), agus go háirithe Airteagal 93(4) de,

1 IO AE L, 2023/2862, 28.12.2023,
ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2023/2862/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 93(3) den Chomhaontú, tabharfaidh Comhchoiste AE-an Chairib cúnamh do Chomhairle Airí AE-an Chairib a cúraimí a chomhlíonadh agus déanfaidh sé aon sainordú a thugann Comhairle Airí AE-an Chairib dó.

(2) De bhun Airteagal 93(4) den Chomhaontú, tá Comhchoiste AE-an Chairib lena rialacha nós imeachta a ghlacadh ag an gcéad chruinniú a bheidh aige,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Glactar Rialacha Nós Imeachta Chomhchoiste AE-an Chairib, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/sa …, ...

*Thar ceann Chomhchoiste AE-an Chairib*
*An Cathaoirleach*

IARSCRÍBHINN

Rialacha nós imeachta chomhchoiste ae-an chairib

*Airteagal 1*

*Raon feidhme*

Ní bheidh na forálacha faoi na Rialacha Nós Imeachta seo ina gceangal ach amháin ar na páirtithe a cheanglaítear faoi Phrótacal Réigiúnach na Cairibe den Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile[1], a síníodh i Samó an 15 Samhain 2023 (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), i gcomhréir le hAirteagal 1(1) den Phrótacal sin.

*Airteagal 2*

*Forálacha ginearálta*

1. Cuirfidh Comhchoiste AE-an Chairib (dá ngairtear 'an Coiste' anseo feasta) a chúraimí i gcrích mar a fhoráiltear in Airteagal 93 den Chomhaontú.

2. Tuigfear gurb ionann tagairt do 'Páirtí' nó 'ceachtar Páirtí' sna Rialacha Nós Imeachta seo agus tagairt don Aontas Eorpach agus a Bhallstáit (dá ngairtear 'an Páirtí AE' anseo feasta) nó do Chomhaltaí ESACC i Muir Chairib dá dtagraítear in Airteagal 6(3) den Chomhaontú, trína ngníomhóidh gach Páirtí i dteannta a chéile. Tuigfear gurb ionann tagairt do 'na Páirtithe' agus tagairt don Pháirtí AE agus do Chomhaltaí ESACC i Muir Chairib araon, dá dtagraítear san Airteagal sin.

1 IO AE L, 2023/2862, 28.12.2023,
ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2023/2862/oj.

3. I gcomhréir le hAirteagal 93(1) den Chomhaontú, is é a bheidh sa Choiste, ar thaobh amháin, ionadaí ó gach Comhalta de ESACC i Muir Chairib ar leibhéal ambasadóra nó ar leibhéal oifigigh shinsearaigh agus, ar an taobh eile, ionadaithe ón Aontas Eorpach agus a Bhallstáit ar leibhéal ambasadóra nó ar leibhéal oifigigh shinsearaigh.

4. Tiocfaidh an Coiste le chéile aon uair a mheasfar gá a bheith leis ar thionscnamh na gComhchathaoirleach, agus go háirithe chun seisiúin Chomhairle Airí AE–an Chairib (dá ngairtear 'an Chomhairle' anseo feasta) a ullmhú.

5. Is iad na Comhchathaoirligh a thionólfaidh an Coiste. Socrófar dátaí a cruinnithe de chomhthoil idir na Páirtithe.

6. Tiocfaidh an Coiste le chéile sa Bhruiséil. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an Coiste teacht le chéile in ionad i gceann de Chomhaltaí ESACC i Muir Chairib, mar a shocraítear de chomhthoil idir na Páirtithe.

7. Féadfaidh an Coiste teacht le chéile i bhformáid fhíorúil nó hibrideach má fhágann na himthosca gur gá sin, arna chinneadh sin do na Comhchathaoirligh.

*Airteagal 3*

*Comhchathaoirligh*

1. Mar a fhoráiltear in Airteagal 93(2) den Chomhaontú, is iad na Páirtithe céanna atá ina gComhchathaoirligh ar an gComhairle a dhéanfaidh comhchathaoirleacht ar an gCoiste.

2. Déanfar sealaíocht ar oifig Chathaoirleach an Choiste (dá ngairtear ‘an Cathaoirleach atá i gceannas’ anseo feasta) i gcomhréir le hAirteagal 3(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

*Airteagal 4*

*Feidhmeanna an Choiste*

1. I gcomhréir le hAirteagal 93(3) den Chomhaontú, ullmhóidh an Coiste seisiúin na Comhairle, tabharfaidh sé cúnamh don Chomhairle a cúraimí a chomhlíonadh, agus déanfaidh sé aon sainordú a chuireann an Chomhairle de chúram air. Sa chomhthéacs sin, déanfaidh sé faireachán ar chur chun feidhme Phrótacal Réigiúnach na Cairibe agus ar an dul chun cinn ionsar na cuspóirí a leagtar amach ann a bhaint amach.

2. Tuairisceoidh an Coiste don Chomhairle, go háirithe ar ábhair ar tarmligeadh cumhachtaí ina leith.

3. Cuirfidh sé faoi bhráid na Comhairle aon mholtaí a mheasann sé is gá nó is iomchuí.

*Airteagal 5*

*Clár oibre na gcruinnithe*

1. Is é an Cathaoirleach atá i gceannas a tharraingeoidh clár oibre sealadach suas le haghaidh gach cruinnithe ar bhonn comhthoil idir na Páirtithe. Cuirfear an clár oibre sealadach in iúl do chomhaltaí eile an Choiste 14 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe.

2. Áireofar ar an gclár oibre sealadach na míreanna a bhfuair na Comhchathaoirligh iarraidh ina leith 17 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe go gcuirfí san áireamh iad. Tarchuirfear aon doiciméadacht a bhaineann leis na míreanna ar an gclár oibre chuig an Rúnaíocht in am trátha lena cur ar aghaidh chuig comhaltaí an Choiste 8 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe.

3. Glacfaidh an Coiste an clár oibre ag tús gach cruinnithe. I gcásanna práinne, féadfaidh an Coiste cinneadh a dhéanamh, arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, míreanna a chur ar an gclár oibre nár urramaíodh na teorainneacha ama a leagtar síos i mír 1 ina leith.

*Airteagal 6*
*Imeachtaí*

1. Déanfaidh an Coiste a chinntí agus déanfaidh sé moltaí de chomhthoil na bPáirtithe.

2. I gcás ina dtagann an Coiste le chéile i bhformáid fhíorúil nó hibrideach, leanfaidh glacadh cinntí agus moltaí an nós imeachta i scríbhinn a leagtar síos in Airteagal 7.

3. Ní bheidh imeachtaí an Choiste bailí ach amháin má bhíonn na hionadaithe ón Aontas Eorpach, na hionadaithe ó ar a laghad leath de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, agus na hionadaithe ó ar a laghad dhá thrian de Chomhaltaí ESACC i Muir Chairib i láthair.

4. Féadfaidh comhaltaí den Choiste nach féidir leo freastal ar imeachtaí a údarú do chomhalta eile gníomhú thar a cheann agus a chearta uile a fheidhmiú. Cuirfidh an comhalta nach bhfuil in ann freastal ar na himeachtaí na Comhchathaoirligh ar an eolas tríd an Rúnaíocht dá réir sin agus sonróidh sé an comhalta a d'údaraigh sé.

5. Féadfaidh comhairleoirí comhaltaí an Choiste a thionlacan chun cúnamh a thabhairt dóibh.

6. Cuirfear comhdhéanamh gach toscaireachta in iúl do na Comhchathaoirligh tríd an Rúnaíocht roimh thús gach seisiúin.

7. Beidh ionadaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta (dá ngairtear 'BEI' anseo feasta) i láthair ag cruinnithe an Choiste nuair a bheidh ábhair a bhaineann le réimsí feidhme BEI ar an gclár oibre.

8. Mura gcinnfear a mhalairt, féadfaidh na Comhchathaoirligh míreanna áirithe ar an gclár oibre le plé a fhorchoimeád do láithreacht na bPáirtithe amháin.

*Airteagal 7*

*Nós imeachta i scríbhinn*

1. Féadfaidh an Coiste cinntí nó moltaí a dhéanamh trí nós imeachta i scríbhinn. Féadfaidh ceachtar Páirtí a mholadh go n-úsáidfear nós imeachta i scríbhinn agus féadfar é a thionscnamh tar éis comhaontú na gComhchathaoirleach a fháil.

2. An tráth céanna a thionscnaítear an nós imeachta i scríbhinn, socrófar teorainn ama réasúnta le haghaidh freagraí. Ar dhul in éag na teorann ama sin, cinnfidh an Cathaoirleach atá i gceannas gur formheasadh an togra maidir le cinneadh nó moladh, mura bhfuil agóid déanta ag ceachtar Páirtí ina choinne.

*Airteagal 8*

*Breathnóirí*

1. Ionadaithe ó aon Chomhalta de ESACC i Muir Chairib ar sínitheoir leis an gComhaontú ('Stát sínithe') nár thug na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 98(1) agus (2) den Chomhaontú i gcrích go fóill ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe, féadfaidh siad freastal ar sheisiúin an Choiste mar bhreathnóirí. Coinneofar stádas breathnóra den sórt sin go dtí go gcuirfidh an Stát sínithe lena mbaineann na nósanna imeachta sin i gcrích laistigh den spriocdháta a leagtar amach in Airteagal 98(3) den Chomhaontú nó, ina éagmais sin, ar feadh tréimhse éiginnte.

2. Féadfaidh tíortha agus críocha thar lear de chuid an Aontais (TCTLanna) i réigiún na Cairibe freastal ar sheisiúin an Choiste mar bhreathnóirí, mar a fhoráiltear in Airteagal 6(2) de Phrótacal Réigiúnach na Cairibe.

3. Féadfaidh ionadaithe ó na tríú gníomhaithe seo a leanas, le cinneadh ón gCoiste, freastal ar sheisiúin an Choiste mar bhreathnóirí:

(a) Stáit i réigiún na Cairibe a chuir isteach ar aontachas leis an gComhaontú faoi na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 102 den Chomhaontú;

(b) Stáit i réigiún na Cairibe is comhaltaí de ESACC ach nach páirtithe sa Chomhaontú go fóill iad, chomh maith le Stáit i réigiún na Cairibe ag a bhfuil stádas breathnóra in ESACC;

(c) tríú gníomhaithe eile, lena n-áirítear eagraíochtaí réigiúnacha agus ilchríochacha.

4. Déanfaidh an Rúnaíocht liosta breathnóirí a tharraingt suas agus a choinneáil cothrom le dáta de bhun mhíreanna 1, 2 agus 3.

5. Maidir le breathnóirí a bheidh ag freastal ar chruinniú:

(a) ní chaithfidh siad vóta sna himeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(1);

(b) ní dhéanfaidh siad ráitis ó bhéal le linn an chruinnithe, ach amháin má iarrann na Comhchathaoirligh orthu déanamh amhlaidh;

(c) féadfaidh siad faisnéis agus doiciméadacht neamhrúnda a scaipeann an Rúnaíocht a fháil.

Chomh maith leis na cearta agus na hoibleagáidí a liostaítear sa chéad fhomhír den mhír seo, féadfaidh na breathnóirí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 agus mír 3, pointí (a) agus (b), barúlacha i scríbhinn a thíolacadh a bhaineann leis na míreanna ar an gclár oibre de chruinniú ábhartha an Choiste.

*Airteagal 9*

*Rúndacht agus foilseacháin oifigiúla*

1. Mura gcinnfear a mhalairt, ní bheidh cruinnithe an Choiste ina gcruinnithe poiblí. Beidh pas de dhíth chun rochtain a fháil ar chruinnithe an Choiste.

2. Gan dochar d’fhorálacha eile is infheidhme, cumhdófar plé an Choiste le hoibleagáid na rúndachta gairmiúla.

3. Féadfaidh gach Páirtí a chinneadh cinntí agus moltaí an Choiste a fhoilsiú ina bhfoilseacháin oifigiúla féin.

*Airteagal 10*

*Teachtaireachtaí agus miontuairiscí na gcruinnithe*

1. Aon teachtaireacht dá bhforáiltear sna Rialacha Nós Imeachta seo, tarchuirfear í tríd an Rúnaíocht chuig ionadaithe ó gach Comhalta de ESACC i Muir Chairib, Rúnaíocht ESACC, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, Buanionadaithe Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach.

2. Cuirfear na teachtaireachtaí dá dtagraítear i mir 1 chuig Uachtarán BEI freisin i gcás ina mbaineann siad le BEI.

3. Tarraingeoidh an Rúnaíocht suas dréacht-mhiontuairiscí ar gach cruinniú, ina dtabharfar aird go háirithe ar na cinntí a dhéanfaidh an Coiste, agus cuirfear ar fáil do na Páirtithe iad. Cuirfear na dréacht-mhiontuairiscí faoi bhráid an Choiste lena bhformheas.

*Airteagal 11*

*Teangacha oibre agus doiciméadacht*

1. Is iad an Béarla agus an Fhraincis teangacha oibre an Choiste.

2. Mura gcinnfear a mhalairt, déanfaidh an Coiste a phlé ar bhonn doiciméid arna ndréachtú sna teangacha dá dtagraítear i mír 1..

*Airteagal 12*

*Foirmeacha na ngníomhartha*

1. Maidir le cinntí agus moltaí a ghlacann an Coiste, tabharfar an teideal ‘Cinneadh’ nó ‘Moladh’ orthu, faoi seach, agus sraithuimhir, an dáta glactha agus tuairisc ar an ábhar ina dhiaidh.

2. Tabharfar i gcrích iad leis an bhfoirmle ‘Arna dhéanamh i/in/sa/san …’, ‘(dáta)’, is é sin an dáta glactha.

3. Sonrófar i gcinntí an dáta ar a bhfuil siad le teacht i bhfeidhm.

4. Síneoidh an Cathaoirleach atá i gceannas na cinntí agus na moltaí arna nglacadh ag an gCoiste agus fíordheimhneoidh na Comhrúnaithe iad, agus coinneoidh an Rúnaíocht iad.

5. Tarchuirfear na cinntí agus na moltaí, tríd an Rúnaíocht, chuig na faighteoirí dá dtagraítear in Airteagal 10(1).

*Airteagal 13*

*Fochoistí*

1. Féadfaidh an Coiste, le cinneadh fochoistí, a bhunú chun an obair a mheasann sé is gá a dhéanamh chun a chúraimí a chomhlíonadh mar a leagtar amach in Airteagal 93(3) den Chomhaontú.

2. Féadfaidh an Chomhairle rialacha nós imeachta na bhfochoistí a chuireann sí ar bun a ghlacadh. Mura nglacfaidh an Coiste rialacha nós imeachta den sórt sin, féadfaidh na fochoistí a rialacha nós imeachta féin a ghlacadh.

*Airteagal 14*

*An Rúnaíocht*

Is í an rúnaíocht chéanna a bheidh i gceist le Rúnaíocht an Choiste agus an Rúnaíocht a bunaíodh don Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

*Airteagal 15*

*Rannpháirtíocht leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas*

Spreagfaidh na Comhchathaoirligh agus Ballstáit ábhartha an Aontais Eorpaigh rannpháirtíocht leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas i réigiún na Cairibe i réimsí leasa choitinn, i gcomhréir le hAirteagal 6(1) agus 51(2) de Phrótacal Réigiúnach Mhuir Chairib a ghabhann leis an gComhaontú.

*Airteagal 16*

*Na Rialacha Nós Imeachta a Leasú*

Féadfar na Rialacha Nós Imeachta seo a leasú le cinneadh ón gCoiste i gcomhréir le hAirteagal 6.

DRÉACHT

**CINNEADH UIMH. …/2025**
**Ó CHOMHCHOISTE AE-AN tAIGÉAN CIÚIN**

**an …**

**maidir le Rialacha Nós Imeachta**
**Chomhchoiste AE-an tAigéan Ciúin a ghlacadh**

TÁ COMHCHOISTE AE-AN tAIGÉAN CIÚIN,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile[1], a síníodh i Samó an 15 Samhain 2023 (dá ngairtear ‘an Comhaontú’ anseo feasta), agus go háirithe Airteagal 93(4) de,

1 IO AE L, 2023/2862, 28.12.2023,
ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2023/2862/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 93(3) den Chomhaontú, tabharfaidh Comhchoiste AE-an tAigéan Ciúin cúnamh do Chomhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin a cúraimí a chomhlíonadh agus déanfaidh sé aon sainordú a thugann Comhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin dó.

(2) De bhun Airteagal 93(4) den Chomhaontú, tá Comhchoiste AE-an tAigéan Ciúin lena rialacha nós imeachta a ghlacadh ag an gcéad chruinniú a bheidh aige,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Glactar Rialacha Nós Imeachta Chomhchoiste AE-an tAigéan Ciúin, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/sa …, ...

*Thar ceann Chomhchoiste AE-an tAigéan Ciúin*
*An Cathaoirleach*

IARSCRÍBHINN

Rialacha nós imeachta chomhchoiste ae-an taigéan ciúin

*Airteagal 1*

*Raon feidhme*

Ní bheidh na forálacha faoi na Rialacha Nós Imeachta seo ina gceangal ach amháin ar na páirtithe a cheanglaítear faoi Phrótacal Réigiúnach an Aigéin Chiúin den Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile[1], a síníodh i Samó an 15 Samhain 2023 (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), i gcomhréir le hAirteagal 1(1) den Phrótacal sin.

*Airteagal 2*

*Forálacha ginearálta*

1. Cuirfidh Comhchoiste AE-an tAigéan Ciúin (dá ngairtear 'an Coiste' anseo feasta) a chúraimí i gcrích mar a fhoráiltear in Airteagal 93 den Chomhaontú.

2. Tuigfear gurb ionann tagairt do 'Páirtí' nó 'ceachtar Páirtí' sna Rialacha Nós Imeachta seo agus tagairt don Aontas Eorpach agus a Bhallstáit (dá ngairtear 'an Páirtí AE' anseo feasta) nó do Chomhaltaí ESACC san Aigéan Ciúin, dá dtagraítear in Airteagal 6(3) den Chomhaontú, trína ngníomhóidh gach Páirtí i dteannta a chéile. Tuigfear gurb ionann tagairt do 'na Páirtithe' agus tagairt don Pháirtí AE agus do Chomhaltaí ESACC san Aigéan Ciúin araon, dá dtagraítear san Airteagal sin.

---

[1] IO AE L, 2023/2862, 28.12.2023,
ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2023/2862/oj.

3. I gcomhréir le hAirteagal 93(1) den Chomhaontú, is é a bheidh sa Choiste, ar thaobh amháin, ionadaí ó gach Comhalta de ESACC san Aigéan Ciúin ar leibhéal ambasadóra nó ar leibhéal oifigigh shinsearaigh agus, ar an taobh eile, ionadaithe ón Aontas agus a Bhallstát ar leibhéal ambasadóra nó ar leibhéal oifigigh shinsearaigh.

4. Tiocfaidh an Coiste le chéile aon uair a mheasfar gá a bheith leis ar thionscnamh na gComhchathaoirleach, agus go háirithe chun seisiúin Chomhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin (dá ngairtear 'an Chomhairle' anseo feasta) a ullmhú.

5. Is iad na Comhchathaoirligh a thionólfaidh an Coiste. Socrófar dátaí a cruinnithe de chomhthoil idir na Páirtithe.

6. Tiocfaidh an Coiste le chéile sa Bhruiséil. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an Chomhairle teacht le chéile in ionad i gceann de Chomhaltaí ESACC san Aigéan Ciúin, mar a shocraítear de chomhthoil idir na Páirtithe.

7. Féadfaidh an Coiste teacht le chéile i bhformáid fhíorúil nó hibrideach má fhágann na himthosca gur gá sin, arna chinneadh sin do na Comhchathaoirligh.

*Airteagal 3*

*Comhchathaoirligh*

1. Mar a fhoráiltear in Airteagal 93(2) den Chomhaontú, is iad na Páirtithe céanna atá ina gComhchathaoirligh ar an gComhairle a dhéanfaidh comhchathaoirleacht ar an gCoiste.

2. Déanfar sealaíocht ar oifig Chathaoirleach an Choiste (dá ngairtear 'an Cathaoirleach atá i gceannas' anseo feasta) i gcomhréir le hAirteagal 3(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

*Airteagal 4*

*Feidhmeanna an Choiste*

1. I gcomhréir le hAirteagal 93(3) den Chomhaontú, ullmhóidh an Coiste seisiúin na Comhairle, tabharfaidh sé cúnamh don Chomhairle a cúraimí a chomhlíonadh, agus déanfaidh sé aon sainordú a chuireann an Chomhairle de chúram air. Sa chomhthéacs sin, déanfaidh sé faireachán ar chur chun feidhme Phrótacal Réigiúnach an Aigéin Chiúin agus ar an dul chun cinn ionsar na cuspóirí a leagtar amach ann a bhaint amach.

2. Tuairisceoidh an Coiste don Chomhairle, go háirithe ar ábhair ar tarmligeadh cumhachtaí ina leith.

3. Cuirfidh sé faoi bhráid na Comhairle aon mholtaí a mheasann sé is gá nó is iomchuí.

*Airteagal 5*

*Clár oibre na gcruinnithe*

1. Is é an Cathaoirleach atá i gceannas a tharraingeoidh clár oibre sealadach suas le haghaidh gach cruinnithe ar bhonn comhthoil idir na Páirtithe. Cuirfear an clár oibre sealadach in iúl do chomhaltaí eile an Choiste 14 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe.

2. Áireofar ar an gclár oibre sealadach na míreanna a bhfuair na Comhchathaoirligh iarraidh ina leith 17 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe go gcuirfí san áireamh iad. Tarchuirfear aon doiciméadacht a baineann leis na míreanna ar an gclár oibre chuig an Rúnaíocht in am trátha lena cur ar aghaidh chuig comhaltaí an Choiste 8 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe.

3. Glacfaidh an Coiste an clár oibre ag tús gach cruinnithe. I gcásanna práinne, féadfaidh an Coiste cinneadh a dhéanamh, arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, míreanna a chur ar an gclár oibre nár urramaíodh na teorainneacha ama a leagtar síos i mír 1 ina leith.

*Airteagal 6*

*Imeachtaí*

1. Déanfaidh an Coiste a chinntí agus déanfaidh sé moltaí de chomhthoil na bPáirtithe.

2. I gcás ina dtagann an Coiste le chéile i bhformáid fhíorúil nó hibrideach, leanfaidh glacadh cinntí agus moltaí an nós imeachta i scríbhinn a leagtar síos in Airteagal 7.

3. Ní bheidh imeachtaí an Choiste bailí ach amháin má bhíonn na hionadaithe ón Aontas Eorpach, na hionadaithe ó ar a laghad leath de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, agus na hionadaithe ó ar a laghad dhá thrian de Chomhaltaí ESACC san Aigéan Ciúin i láthair.

4. Féadfaidh comhaltaí den Choiste nach féidir leo freastal ar imeachtaí a údarú do chomhalta eile gníomhú thar a cheann agus a chearta uile a fheidhmiú. Cuirfidh an comhalta nach bhfuil in ann freastal ar na himeachtaí na Comhchathaoirligh ar an eolas tríd an Rúnaíocht dá réir sin agus sonróidh sé an comhalta a d’údaraigh sé.

5. Féadfaidh comhairleoirí comhaltaí an Choiste a thionlacan chun cúnamh a thabhairt dóibh.

6. Cuirfear comhdhéanamh gach toscaireachta in iúl do na Comhchathaoirligh tríd an Rúnaíocht roimh thús gach seisiúin.

7. Beidh ionadaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta (dá ngairtear ‘BEI’ anseo feasta) i láthair ag cruinnithe an Choiste nuair a bheidh ábhair a bhaineann le réimsí feidhme BEI ar an gclár oibre.

8. Mura gcinnfear a mhalairt, féadfaidh na Comhchathaoirligh míreanna áirithe ar an gclár oibre a fhorchoimeád do láithreacht na bPáirtithe amháin.

*Airteagal 7*

*Nós imeachta i scríbhinn*

1. Féadfaidh an Coiste cinntí nó moltaí a dhéanamh trí nós imeachta i scríbhinn. Féadfaidh ceachtar Páirtí a mholadh go n-úsáidfear nós imeachta i scríbhinn agus féadfar é a thionscnamh tar éis comhaontú na gComhchathaoirleach a fháil.

2. An tráth céanna a thionscnaítear an nós imeachta i scríbhinn, socrófar teorainn ama réasúnta le haghaidh freagraí. Ar dhul in éag na teorann ama sin, cinnfidh an Cathaoirleach atá i gceannas gur formheasadh an togra maidir le cinneadh nó moladh, mura bhfuil agóid déanta ag ceachtar Páirtí ina choinne.

*Airteagal 8*

*Breathnóirí*

1. Ionadaithe ó aon Chomhalta ESACC san Aigéan Ciúin ar sínitheoir leis an gComhaontú é (‘Stát sínithe’) nár thug na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 98(1) agus (2) den Chomhaontú i gcrích go fóill ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe, féadfaidh siad freastal ar sheisiúin an Choiste mar bhreathnóirí. Coinneofar stádas breathnóra den sórt sin go dtí go gcuirfidh an Stát sínithe lena mbaineann na nósanna imeachta sin i gcrích laistigh den spriocdháta a leagtar amach in Airteagal 98(3) den Chomhaontú nó, ina éagmais sin, ar feadh tréimhse éiginnte.

2. Féadfaidh tíortha agus críocha thar lear de chuid an Aontais (TCTLanna) i réigiún an Aigéin Chiúin freastal ar sheisiúin an Choiste mar bhreathnóirí, mar a fhoráiltear in Airteagal 6(3) de Phrótacal Réigiúnach an Aigéin Chiúin.

3. Féadfaidh ionadaithe ó na tríú gníomhaithe seo a leanas, le cinneadh ón gCoiste, freastal ar sheisiúin an Choiste mar bhreathnóirí:

(a) Stáit i réigiún an Aigéin Chiúin a chuir isteach ar aontachas leis an gComhaontú faoi na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 102 den Chomhaontú;

(b) Stáit i réigiún an Aigéin Chiúin is comhaltaí de ESACC ach nach páirtithe sa Chomhaontú go fóill iad, chomh maith le Stáit i réigiún an Aigéin Chiúin ag a bhfuil stádas breathnóra in ESACC;

(c) tríú gníomhaithe eile, lena n-áirítear eagraíochtaí réigiúnacha agus ilchríochacha.

4. Déanfaidh an Rúnaíocht liosta breathnóirí a tharraingt suas agus a choinneáil cothrom le dáta de bhun mhíreanna 1, 2 agus 3.

5. Maidir le breathnóirí a bheidh ag freastal ar chruinniú:

(a) ní chaithfidh siad vóta sna himeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(1);

(b) ní dhéanfaidh siad ráitis ó bhéal le linn an chruinnithe, ach amháin má iarrann na Comhchathaoirligh orthu déanamh amhlaidh;

(c) féadfaidh siad faisnéis agus doiciméadacht neamhrúnda a scaipeann an Rúnaíocht a fháil.

Chomh maith leis na cearta agus na hoibleagáidí a liostaítear sa chéad fhomhír den mhír seo, féadfaidh na breathnóirí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 agus mír 3, pointí (a) agus (b), barúlacha i scríbhinn a thíolacadh a bhaineann leis na míreanna ar an gclár oibre de chruinniú ábhartha an Choiste.

*Airteagal 9*

*Rúndacht agus foilseacháin oifigiúla*

1. Mura gcinnfear a mhalairt, ní bheidh cruinnithe an Choiste ina gcruinnithe poiblí. Beidh pas de dhíth chun rochtain a fháil ar chruinnithe an Choiste.

2. Gan dochar d'fhorálacha eile is infheidhme, cumhdófar plé an Choiste le hoibleagáid na rúndachta gairmiúla.

3. Féadfaidh gach Páirtí a chinneadh cinntí agus moltaí an Choiste a fhoilsiú ina bhfoilseacháin oifigiúla féin.

*Airteagal 10*

*Teachtaireachtaí agus miontuairiscí na gcruinnithe*

1. Aon teachtaireacht dá bhforáiltear sna Rialacha Nós Imeachta seo, tarchuirfear í tríd an Rúnaíocht chuig ionadaithe ó gach Comhalta de ESACC san Aigéan Ciúin, Rúnaíocht ESACC, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, Buanionadaithe Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach.

2. Cuirfear na teachtaireachtaí dá dtagraítear i mir 1 chuig Uachtarán BEI freisin i gcás ina mbaineann siad le BEI.

3. Tarraingeoidh an Rúnaíocht suas dréacht-mhiontuairiscí ar gach cruinniú, ina dtabharfar aird go háirithe ar na cinntí a dhéanfaidh an Coiste, agus cuirfear ar fáil do na Páirtithe iad. Cuirfear na dréacht-mhiontuairiscí faoi bhráid an Choiste lena bhformheas.

*Airteagal 11*

*Teangacha oibre agus doiciméadacht*

1. Is iad an Béarla agus an Fhraincis teangacha oibre an Choiste.

2. Déanfaidh an Coiste a phlé ar bhonn doiciméid arna ndréachtú i mBéarla agus, faoi réir iarraidh ó cheachtar Páirtí, sa teanga oibre eile dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 12*

*Foirmeacha na ngníomhartha*

1. Maidir le cinntí agus moltaí a ghlacann an Coiste, tabharfar an teideal 'Cinneadh' nó 'Moladh' orthu, faoi seach, agus sraithuimhir, an dáta glactha agus tuairisc ar an ábhar ina dhiaidh.

2. Tabharfar i gcrích iad leis an bhfoirmle 'Arna dhéanamh i/in/sa/san …', '(dáta)', is é sin an dáta glactha.

3. Sonrófar i gcinntí an dáta ar a bhfuil siad le teacht i bhfeidhm.

4. Síneoidh an Cathaoirleach atá i gceannas na cinntí agus na moltaí arna nglacadh ag an gCoiste agus fíordheimhneoidh na Comhrúnaithe iad, agus coinneoidh an Rúnaíocht iad.

5. Tarchuirfear na cinntí agus na moltaí, tríd an Rúnaíocht, chuig na faighteoirí dá dtagraítear in Airteagal 10(1).

*Airteagal 13*

*Fochoistí*

1. Féadfaidh an Coiste, le cinneadh, fochoistí a bhunú chun an obair a mheasann sé is gá a dhéanamh chun a chúraimí a chomhlíonadh mar a leagtar amach in Airteagal 93(3) den Chomhaontú.

2. Féadfaidh an Chomhairle rialacha nós imeachta na bhfochoistí a chuireann sí ar bun a ghlacadh. Mura nglacfaidh an Coiste rialacha nós imeachta den sórt sin, féadfaidh na fochoistí a rialacha nós imeachta féin a ghlacadh.

*Airteagal 14*

*An Rúnaíocht*

Is í an rúnaíocht chéanna a bheidh i gceist le Rúnaíocht an Choiste agus an Rúnaíocht a bunaíodh don Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

*Airteagal 15*

*Na Rialacha Nós Imeachta a Leasú*

Féadfar na Rialacha Nós Imeachta seo a leasú le cinneadh ón gCoiste i gcomhréir le hAirteagal 6.